



**ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA HÉIREANN
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014**





Sa chéad áit san Eoraip maidir le héifeachtacht bainistíochta sábháilteachta

Tiomanta do ról a imirt in eitlíocht a fheabhsú in Éirinn

Gníomhaíocht tráchta iomlán ▲ 2.7%
Trácht intíre ▲ 6.5%

Brabús oibriúcháin ▲ 15.5%
go €29.7m
Sócmhainní iomlána ▲ 12.7%
go €255.2m

Comhghuaillíocht oiliúna ATC le Entry Point North

Ní bhfaigheann an IAA aon mhaoiniú ón Stát

Díbhinn a íocadh le scairshealbhóirí in 2015 €6.5m

FEIDHMÍOCHT AN IAA 2014



CLÁR ÁBHAR

Buaicphointí airgeadais agus oibriúcháin.....	1
Stiúrthóirí agus faisnéis eile.....	2
Ráiteas an chathaoirligh.....	3
Athbhreithniú an phríomhfheidhmeannaigh.....	5
Tuarascáil na stiúrthóirí.....	18
Ráiteas faoi chúraimí na stiúrthóirí.....	25
Tuarascáil an iniúcháora neamhspleách le baill Údarás Eitlíochta na hÉireann.....	26
Ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta.....	28
Cuntas brabúis agus caillteanais.....	31
Ráiteas faoi na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta iomlána.....	32
Clár comhardaithe.....	33
Ráiteas faoi shreabhadh airgid.....	34
Nótaí mar chuid de na ráitis airgeadais.....	35
Achoimre cúig bliana 2010–2014.....	56



**ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA HÉIREANN
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014**

SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA SAN ATLANTACH THUaidH



BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN

Buaicphointí Airgeadais	2014	2013	% Athrú
	€'000	€'000	
Láimhdeachas	177,475	173,583	2.2%
Brabús Oibriúcháin (roimh mhír eisceachtúil)	29,711	25,723	15.5%
Sócmhainní Iomlána	255,163	226,355	12.7%

Gníomhaíocht Aerthráchta	2014	2013	% Athrú
	Líon	Líon	
Traseitiltí faoi Bhealach	301,331	298,270	1.0%
Trácht Críochfoirt Tráchtála	215,783	202,533	6.5%
North Atlantic Communications	420,423	404,842	3.8%

Fostaíocht	2014	2013	% Athrú
Meánlíon Fostaithe	649	659	-1.5%

Táillí Custaiméirí	2014	2013	% Athrú
	€	€	
Traseitilt faoi Bhealach	30.62	28.20	8.6%
Trácht Críochfoirt Aerfoirt	156.92	153.72	2.1%
North Atlantic Communications	45.00	45.00	0.0%
Rialáil Sábháilteachta	Gan athrú in Ordú Táillí ó 2008		

STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

Stiúrthóirí

Anne Nolan Uasal
Cathaoirleach
An tUasal Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach
Marie Bradley Uasal
An tUasal Ernie Donnelly
An tUasal Pascal Fitzgerald
An tUasal Basil Geoghegan
An tUasal Michael Norton
An tUasal Kevin O'Driscoll

Rúnaí

Aideen Gahan Uasal

Iniúcháir

KPMG
Cuntasóirí Cairte
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann, cpt
40/41 Sráid Westmoreland
Baile Átha Cliath 2

Banc na hÉireann
2 Plás Burlington
Bóthar Burlington
Baile Átha Cliath 4

Banc Danske
3 Plas Mháistir an Chuain
IFSC, Baile Átha Cliath 1

Atur nae

A & L Goodbody
Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha
Cliath 1

Oifig chláráithe

The Times Building
11-12 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
Teil: +353-1-671 8655
Facs: +353-1-679 2934
Suíomh Gréasáin: www.iaa.ie

Uimhir chláráithe

211082

An bhainisteoireacht shinsearach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

Anthony Eiffe
Iniúchadh Inmheánach

Aideen Gahan
Rúnaí Cuideachta

Donal Handley
Gnóthai Corparáideacha

Maeve Hogan
Maoiniúchán

Philip Hughes
*Tráchtáil, Teicneolaíocht agus
Oiliúint*

Kevin Humphreys
Rialáil Sábháilteachta

Peter Kearney
Oibríochtaí agus Straitéis ATM

Brendan Mulligan
Acmhainní Daonna

FREASTAL AR CHRUINNITHE BOIRD AGUS COISTE 2014

Stiúrthóir	Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu	Uaslíon na gcruinnithe boird a raibh an stiúrthóir in ann freastal orthu	Líon na gcruinnithe coiste ar freastalaíodh orthu	Uaslíon na gcruinnithe coiste a raibh an stiúrthóir in ann freastal orthu
Anne Nolan <i>Cathaoirleach</i>	6	6	4	4
Eamonn Brennan <i>Príomhfheidhmeannach</i>	6	6	1	1
Marie Bradley	3	3	-	-
Ernie Donnelly	6	6	1	1
Pascal Fitzgerald	2	2	1	1
Basil Geoghegan	6	6	4	5
Michael Norton	6	6	1	1
Geoffrey O'Byrne-White	4	6	5	6
Kevin O'Driscoll	6	6	4	4



RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Anne Nolan

Cathaoirleach

Forbhreathnú

An tosaíocht is mó dár ngnó is ea sábháilteacht go fóill agus chomhlíonamar ár bpríomhchuspóirí sa bhliain 2014. Rinneamar maoirseacht éifeachtach sábháilteachta agus slándála ar earnáil eitlíochta na hÉireann de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Ag an am céanna, soláthraíodh seirbhísí loingseoireachta aeir in aerspás faoi rialú na hÉireann agus ar an Atlantach Thuaidh (cumarsáid) ar bhealach atá sábháilte agus éifeachtach ó thaobh costais de.

Baineann ríthábhacht le comhlíonadh na gcuspóirí sin gach bliain chun a chinntiú gur féidir linn leanúint de bheith mar chuideachta tráchtála bhrabúsach Stáit agus tacú le fás leantach thionscal eitlíochta sibhialta na hÉireann. Tá an nuálaíocht ina heochairghné dá rathúla atáimid. Áirítear na nithe seo a leanas le roinnt buaicphointí tábhachtacha sa bhliain 2014:

- Ba dhearfach a bhí na hiniúchtaí caighdeán sábháilteachta (EASA) uile agus leanamar ar aghaidh ag sárú chaighdeán idirnáisiúnta agus Eorpacha
- Ghlacamar páirt ghníomhach inár n-infheistíocht in Aireon (an chéad chóras faireachais domhanda fíor-ama atá bunaithe ar shatailít ATC um bainistíocht aerthráchta ar domhan) agus tá áthas orm go ndearnadh an cinneadh go mbeadh Baile Uí Gheirín ar an suíomh príomha le haghaidh na seirbhíse domhanda nua um Aimsiú Aerárthaí agus Rianú Práinnfhreagartha. Úsáidfear an tseirbhís sin chun aerárthaí a rianú fud fad an domhain
- Thugamar ár bplean feidhmíochta eacnamaíche cúig bliana chun críche leis an AE i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus lenár macasamhail sa Ríocht Aontaithe. Cuimsíonn an plan spriocanna le haghaidh na nithe seo de réir Scéim Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair ón AE (Tréimhse Thagartha 2, 2015-2019): éifeachtúlacht costais, acmhainn (moilleanna), an comhshaol (éifeachtúlacht eitiltí faoi bhealach) agus sábháilteacht
- Chuamar isteach i gcomhghuaillíocht straitéiseach um oiliúint ar rialú aerthráchta le Entry Point North Ireland (EPNI), atá ar an acadamh idirnáisiúnta oiliúna ar rialú aerthráchta

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH *ar lean*

- Sháraigh ár rátáil sásamh custaiméirí 92% sa suirbhé is déanaí a rinneamar ar chustaiméirí
- Rinneamar urraíocht ár na chéad dámhachtainí don tionscal eitlíochta i mí an Mheithimh chun ár dtionscal a thaispeáint agus chun aitheantas cuí a thabhairt don iomad cuideachtaí eiseamláireacha atá mar bhonn agus thaca ag ár n-earnáil.

Níl iontu sin ach roinnt bheag den iomad buaicphointí a bhaineann lenár bhfeidhmíocht láidir. Leagtar tuilleadh sonraí amach i dtuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.

Feidhmíocht Airgeadais

An-láidir a bhí feidhmíocht airgeadais an IAA sa bhliain agus, mar thoradh ar an bhfeidhmíocht sin, mhol an bord go dtabharfaí díbhinn €6.5 milliún do scairshealbhóirí. B'ionann sin agus méadú 35% ón mbliain seo caite. Leanann an IAA ar aghaidh ag oibriú go neamhspleách gan tacaíocht airgeadais a fháil ón Státchiste.

Thuill an IAA brabús oibriúcháin €29.7 milliún roimh ghnóthachan eisceachtúil. B'ionann sin agus méadú 15.5% ón mbliain seo caite. Tháinig méadú 2.2% ar láimhdeachas go €177.5 milliún agus tháinig laghdú 0.1% ar chostais oibriúcháin. Léirigh sé sin na hiarrachtaí leantacha atá á ndéanamh ag an gcuideachta ar mhaithe le héifeachtacht ó thaobh costais de. Tháinig méadú 12.7% ar shócmhainní iomlána go €255.2 milliún. Tháinig méadú €18.7 milliún ar an nglandliteanas pinsin, rud a thomhaistear ar bhonn FRS17. Rinneamar beart ceartaitheach a chinnteoidh nach dtiocfaidh aon mhéadú ar phinsin go ceann i bhfad. De bharr an athraithe sin ar an toimhde pinsean, tháinig gnóthachan eisceachtúil aníos sa Chuntas Brabúis agus Caillteanaís atá cothrom le €89.2 milliún glan ó cháin. Leanfar ar aghaidh de dhlúthmhónatóireacht a dhéanamh ar leibhéal maoiniúcháin na scéimeanna le sochar sainithe.

Rialachas Corparáideach

Tá an bord tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a leanúint. Chuir an IAA bearta cuí i bhfeidhm chun cloí leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus leagtar na bearta sin amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí. Is é an Cód Cleachtais an creat rialachais comhaontaithe le ghairde rialachais éifeachtach Comhlachtaí Stáit.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Boird as a dtiomantas agus a n-obair dhícheallach maidir leis an IAA a bhainistiú go héifeachtach. Le linn na bliana, chuaigh Geoffrey O'Byrne-White ar scor ón mBord agus gabhaim buíochas leis as an méid a chuir sé leis thar na blianta. D'éirigh Marie Bradley agus Pascal Fitzgerald ina gcomhaltaí den Bhord.

An tUasal Paschal Donohoe TD, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus an tUasal Leo Varadkar, a réamhtheachtaí, gabhaim buíochas leis an mbeirt acu as an tacaíocht a thug siad.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an IAA a chomhlíon a ról de réir na gcaighdeán gairmiúlachta is airde arís eile. Cinntíonn an tiomantas agus an dílseacht a thugann siad go bhfuil meas ar an IAA sa réimse eitlíochta domhanda. Táim ag súil le bheith ag oibriú le gach duine agaibh sa bhliain 2015.



Anne Nolan
Cathaoirleach




ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

Is í sábháilteacht an phríomhthosaíocht atá againn. Leanamar ar aghaidh leis an gcuntas sábháilteachta an-láidir atá againn a choinneáil ar bun agus, ar leibhéal an Stáit, bhí Éire rangaithe sa chéad áit i measc 29 Stát na hEorpa maidir le hÉifeachtacht Bainistíochta Sábháilteachta (EoS) sa bhliain 2014.

Leanaimid de bheith ar cheann de na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta is iomaíche san Eoraip, agus sinn ag cur seirbhís iontaofa shlán ar fáil dár gcuid custaiméirí.

Éifeachtacht Bainistíochta Sábháilteachta (Ar Leibhéal an Stáit) – 2014




ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH *ar lean*


Sa bhliain 2014, tháinig méadú 2.7% ar líon iomlán na n-eitiltí a bhí ann in aerspás na hÉireann. Sonraíonn an fás sin – ar ábhar misnigh é – fillleadh láidir ar fhás i mbeagnach gach earnáil in aerthrácht na hÉireann. Tháinig méadú 1.0% ar thrácht faoi bhealach na hÉireann (is é sin, eitiltí a théann trí aerspás na hÉireann agus nach tagann, i bhformhór na gcásanna, chun talún in Éirinn), agus é ag méadú go 301,331 gluaiseacht. Chomh

maith leis sin, tháinig méadú 3.8% ar eitiltí de chuid North Atlantic Communications (eitiltí san Eoraip nó i Meiriceá Thuaidh), agus iad ag méadú go 420,423 gluaiseacht. I gcás figiúirí intíre, mhéadaigh trácht iomlán críochfoirt tráchtála faoi 6.5% sa bhliain 2014 ag na trí aerfort faoi rialú an Stáit – Aerfort Bhaile Átha Cliath, Aerfort na Sionainne agus Aerfort Chorcaí – agus bhí 215,783 gluaiseacht san iomlán ann (agus 81% den méid sin ag Aerfort Bhaile Átha Cliath).


Treochtaí Tráchtá an IAA, 1997 go 2014



Gluaiseachtaí Críochfoirt Tráchtála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (1997 go 2015)



Glúiseachtaí Críochfoirt Tráchtála ag Aerfort Chorcaí agus ag Aerfort na Sionainne (1997 go 2015)



D'éirigh go han-mhaith le hAerfort Bhaile Átha Cliath le tamall anuas agus tháinig méadú 6.5% ar líon na nglúiseachtaí ag an aerfort sa bhliain 2014, go príomha mar thoradh ar bhealaí nua a bhí tugtha isteach ag iompróirí ísealchostais agus ag oibreoirí trasatlantacha araon. Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath ar an mbealach leis na leibhéil tráchta sin a chonacthas an uair dheireanach sa tréimhse 2007/2008 a bhaint amach roimh i bhfad (agus fás láidir ann le linn ráithe 1 de 2015). Údar misnigh freisin a bhí san fhás aerthráchta ag Aerfort na Sionainne sa bhliain 2014, rud a bhí beagnach 19% níos airde ná an figiúr don bhliain roimhe. Cé go bhfuil an figiúr do ráithe 1 de 2015 beagán níos ísle ná an figiúr don tréimhse chéanna anuraidh, tá sé measta go mbeidh an figiúr don tréimhse shamhraidh níos airde ná mar a bhí anuraidh. Ar an drochuair, is íseal go fóill atá trácht ag Aerfort Chorcaí.


Táimid ag súil le treochtaí dearfacha den chineál céanna a fheiceáil sa bhliain 2015, agus iad ag teacht as tuilleadh fáis ar an Atlantach Thuaidh agus ag Aerfort Bhaile Átha Cliath go háirithe. De réir mar a thagann fás ar an ngeilleagar, leanfaidh an IAA le tacaíocht a thabhairt d'aerlínte, d'aerfoirt agus don phobal a bhíonn ag taisteal trí sheirbhísí aerthráchta atá sábháilte, cost-éifeachtúil agus chun tosaigh sa tionscal a sholáthar sna blianta atá romhainn.

Rialáil Sábháilteachta

Is í sábháilteacht an phríomhthosaíocht atá againn agus, sa bhliain 2014, rinne an Stiúrthóireacht um Rialáil Sábháilteachta (SRD) san IAA maoirseacht éifeachtach sábháilteachta ar earnáil eitlíochta na hÉireann de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Bhí an Stiúrthóireacht um Rialáil Sábháilteachta féin faoi réir roinnt iniúchtaí neamhspleácha ar an mbealach céanna agus leanann sí de bheith ag feidhmiú go maith i ngach iniúchadh de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) agus de scóir an-mhaith a bhaint amach sna ranguithe de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

Foilsítear an tAthbhreithniú Bliantúil ar Shábháilteacht sa dara ráithe de gach bliain. Tugtar tuairisc ann ar an bhfeidhmíocht sa bhliain roimhe agus pléitear leis na príomhghnéithe uile lena mbaineann ann. Rinne an IAA athbhreithniú ar bhreis agus 7,200 tuairisc teagmhais sábháilteachta sa bhliain 2014 agus cuireadh síos i 97% díobh ar theagmhais ina raibh na bacainní sábháilteachta éifeachtach go hiomlán. I gcásanna ina meastar gur de chineál rioscúil atá an teagmhas, cuirtear bearta agus maolú i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtarlóidh sé arís. Tá ráta tuairiscithe teagmhais na hÉireann ar cheann de na rátaí is fearr san Eoraip.

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH *ar lean*



D'fhoilsíomar an Plean Sábháilteachta Stáit d'Éirinn 2014 – 2017 i mí Aibreáin 2014. Is é cuspóir an phlean sin feabhas leanúnach a áirithiú ar chaighdeán sábháilteachta in Éirinn. Tacaíonn an Plean Sábháilteachta Stáit leis an gClár Sábháilteachta Stáit agus leagtar síos ann na gníomhartha a dhéanfaidh an Stúirthóireacht um Rialáil Sábháilteachta (SRD) san IAA thar ceann an Stáit d'fhonn díriú ar na réimsí sin lena mbaineann an riosca is mó don tsábháilteacht eitlíochta agus d'fhonn gníomhartha a chur i bhfeidhm ar mhaithe le rioscaí den chineál sin a mhaolú ar an mbealach is fearr. Úsáidtear próiseas rioscabhunaithe chun tosaíochtaí sábháilteachta a shocrú.

D'fhoilsíomar an Clár Sábháilteachta Stáit (SSP) d'Éirinn i mí Eanáir 2015, rud ina leagtar amach an córas bainistíochta trína ndéanfaidh an Stát sábháilteacht a rialáil agus a riar. Tá cur chun feidhme an SSP in Éirinn comhchuímeach le méid agus le castacht chóras eitlíochta sibhialta an Stáit. Teastaíonn uaidh comhordú i measc líon beag d'údaráis éagsúla a bhfuil freagracht orthu as feidhmeanna

eitlíochta an Stáit, lena n-áirítear an IAA, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Seirbhísí Meitéareolaíochta na hÉireann agus an tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí. Ina theannta sin, teastaíonn uaidh comhordú le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), an Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA).

Le linn na bliana 2014, baineadh leas as cur chuige iniúchta staitistiúil an IAA, rud atá dírithe ar riosca, le haghaidh gníomhaíochtaí faireachais a dhéanamh ar phróifíil riosca sonracha agus ar shonraí comhlíonta / teagmhais aonair. Tá an méid seo a leanas i measc na bpríomh-bhuaiachpointí:

- D'oibrigh sealbhóirí Dheimhniú Aer-Oibreoirí na hÉireann (AOC) de réir na gcaighdeán is airde de chuid ICAO agus EASA. Mar chuid de chláir maoirseachta comhtháite, rinne an IAA iniúchadh seachtrach ar gach sealbhóir Deimhniú Aer-oibreoirí sa bhliain 2014.

Áiríodh sna hiniúchtaí sin seiceálacha ar oibríochtaí, iniúchtaí ar Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta agus iniúchtaí ar phearsanra / ar cheadúnú. Bhí na hiniúchtaí uile sásúil agus cuireadh na torthaí orthu in iúl dóibh siúd lena mbaineann ina dhiaidh sin. Tagann an fheidhmíocht sábháilteachta fhoriomlán i measc shealbhóirí Dheimhniú Aer-Oibreoirí (AOC) na hÉireann faoi mheánfhigiúir na hEorpa mar atá ceaptha ag EASA. Tá córas bainistíochta sábháilteachta éifeachtach agus córas bainistíochta ar ardchaighdeán i bhfeidhm ag gach sealbhóir Deimhniú Aer-Oibreoirí. Níor cuireadh aon oibreoir Éireannach ar dhubhliosta an AE.

- Cuireadh an clár faireachais ar aerfoirt na hÉireann i gcrích sa bhliain 2014 (rinneadh 31 iniúchadh). Mar an gcéanna, rinneadh an clár faireachais ar sholáthraithe Éireannacha seirbhísí aerloingseoireachta, agus ar sheirbhísí bainistíochta aerthrachta an IAA féin, a chur i gcrích go rathúil sa bhliain 2014 (rinneadh 32 iniúchadh). Tá ardchaighdeán i réim i gcás an dá réimse sin agus comhlíonann siad na caighdeáin de chuid ICAO agus EASA ina n-iomláine.
- Baineann rithábhacht le haeracmhainneacht na n-iompróirí Éireannacha / ar léas ó thaobh sábháilteachta de. An 31 Márta 2015, bhí 1,202 aerárthach ar an gClár, rud a chuimsigh 729 aerárthach mór (dá raibh 273 ceann ar léas), 434 aerárthach beag agus 39 héilecaptar. Bhí 23 aerárthach i stóras. Lean gach ceann de na hiompróirí le hoibriú de réir ardchaighdeán, agus torthaí dearfacha á mbaint amach acu in iniúchtaí. Is é seo a leanas an príomhchabhach a bhfuil Dheimhniú Aer-Oibreoirí (AOC) na hÉireann aige:

 RYANAIR	308 Aerárthach
 Aer Lingus Great Care. Great Fare.	47 Aerárthach
 Air Contractors	28 Aerárthach
 CITYJET	17 nAerárthach
 Stobart Air	14 Aerárthach
 norwegian	9 nAerárthach

- Maidir leis na haerárthaí ar léas eachtrach atá ar Chlár na hÉireann, déanann an IAA faireachas aeracmhainneachta ar na haerárthaí sin de réir

Airteagal 83 bis ó ICAO. Tá Éire ina ball de ghrúpa de chuid ICAO a bhfuil rialacha comhaontaithe á bhforbairt aige faoi láthair maidir le hAirteagal 83 bis a chur i bhfeidhm ar leibhéal domhanda.

- Ceanglaíonn EASA ar an IAA spotseiceálacha a dhéanamh ar aerárthaí eachtracha agus iad in Éirinn. Rinneadh clár cigireachta an Mheasúnaithe Sábháilteachta ar Aerárthaí Eachtracha (SAFA) / an Mheasúnaithe Sábháilteachta ar Aerárthaí Pobail don bhliain 2014 a chríochnú go rathúil i mí na Nollag 2014. Rinneamar 174 cigireacht san iomlán ar níos mó ná 100 oibreoir éagsúil, figiúr a bhí os cionn na sprice a bhí leagtha síos ag EASA dúinn.
- Rinneadh ardmhaoirseacht ar eitlíocht ghinearálta agus lean an IAA de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí de chuid Chomhairle Sábháilteachta Eitlíochta Ginearálta na hÉireann (GASCI) chun comhairliúchán a fheabhsú tuilleadh. Leanann an GASCI, a cuireadh ar bun sa bhliain 2012, de bheith ina meicníocht rithábhachtach trínar féidir dul i dteagmháil leis an bpobal eitlíochta ginearálta d'fhonn sábháilteacht a fheabhsú. Tagann ár gcaighdeáin sábháilteachta eitlíochta ginearálta go maith faoi ghnáthchaighdeáin na hEorpa. Den chéad uair riamh, beidh daoine atá páirteach in eitlíocht ghinearálta faoi réir cheanglais tuairiscithe éigeantacha an AE ó mhí na Samhna 2015 i leith.
- Le linn na bliana 2014, d'oibrigh an IAA go gníomhach le EASA maidir le rialacha nua Eorpacha a fhorbairt lena rialófaí oibriú Córas Aerárthaí lena bPíolótaítear go Cianda (Ladrainn). Is ionann an méid sin agus dúshlán rialála nua a bhfuil an Stiúrthóireacht um Rialáil Sábháilteachta ag dul i ngleic leis ar bhealach cuiditheach. Ar leibhéal náisiúnta, d'fhoilsigh an IAA faisnéis nuashonraithe faoi na ceanglais agus faoi na himpleachtaí sábháilteachta a bhaineann le ladrainn a oibriú in Éirinn.
- Leanaimid ar aghaidh le gníomhaíochtaí faireachais a chur i gcrích go rathúil ar oiliúint píolótaí agus ar oiliúint in innealtóireacht aerárthaí, mar aon le maoirseacht a dhéanamh ar eagraíochtaí ceadaithe a dhéanann aerárthaí a chothabháil, a dheisiú, a ollchóiriú nó a dhearadh.

Le linn na bliana, chuireamar tús le hobair ar chlár tiomnaithe Scairdeitleán Gnó a fhorbairt.

D'oibríomar go crua le tacaíocht a thabhairt don iarratas ó Norwegian Air International, oibreoir a fuair Deimhniú Aer-Oibreoirí (AOC) na hÉireann le déanaí, ar chead a fháil

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH *ar lean*

ón Roinn Iompair sna Stáit Aontaithe oibriú go saor ar an Atlantach Thuaidh de réir an Chomhaontaithe “Spéartha Oscailte” idir an AE agus na Stáit Aontaithe. Táimid ag súil go dtabharfaidh na húdaráis sna Stáit Aontaithe faomhadh a luaithe is féidir don aerlíne seo atá ceadaithe ag an AE.

Táimid ar an mbóthar ceart lenár gclár faireachais sábháilteachta don bhliain 2015 a chur i gcrích i ngach réimse, lena n-áirítear iad seo a leanas: Deimhnithe Aer-Oibreoirí (AOCanna), aeradróim, SAFA/SACA, oiliúint, cothabháil, soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, slándáil eitlíochta agus eitlíocht ghinearálta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Kevin Humphreys, Stiúrthóir um Rialáil Sábháilteachta, as an iomad blianta a chaith sé leis an IAA agus as na ról eitlíochta a bhí aige roimhe sin.

Rialáil Slándála Eitlíochta

Cuireadh de fhreagracht ar an IAA maoriseacht a dhéanamh ar shlándáil eitlíochta sibhialta in Éirinn (mar Údarás Iomchuí maidir le Slándáil Eitlíochta) an 1 Eanáir 2013. Rinneadh an clár monatóireachta ar chomhlíonadh, mar a bhain sé leo seo a leanas, a chríochnú go rathúil sa bhliain 2014: aerfoirt, aeriompróirí, gníomhairí rialáilte, coinsíneoirí ar eolas agus soláthraithe.

Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Oibriúcháin

In éineacht leis an Stiúrthóireacht Teicneolaíochta, tá an Stiúrthóireacht Oibriúcháin freagrach as seirbhísí aerthráchta atá sábháilte, éifeachtúil agus iontaofa agus a fhreastalaíonn ar riachtanais chustaiméirí ar bhealach cost-éifeachtúil. Le linn na bliana, cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm arb é is aidhm dóibh sábháilteacht a chur chun cinn, lena n-áiríodh an tSeachtain um Shábháilteacht Oibriúcháin a raibh rannpháirtíocht shuntasach i measc páirtithe leasmhara inti. Tá luathfhianaise ann gur éirigh go maith leis na tionscnaimh sin maidir le feabhsuithe inbhraite a chur ar sheirbhísí aerthráchta.

D’fhonn ceanglais fhadtéarmacha straitéiseacha a chomhlíonadh agus d’fhonn comhoiriúnacht le ceanglais feidhmíochta Thréimhse Thagartha 2 an Aerspáis Eorpaigh Aonair a áirithiú, táthar tar éis an Stiúrthóireacht Oibriúcháin a atheagrú in dhá aonad gnó ar leith: Aonad Gnó faoi Bhealach agus Aonad Gnó Críochoirt. D’oibrigh na haonaid ghnó sin go maith le linn na bliana 2014. Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhghníomhaíochtaí a sholáthair na haonaid sin:

Eatraimh Laghdaithe Imeachta: Tá nósanna imeachta maidir le heatraimh laghdaithe imeachta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm go hiomlán anois d’aerárthaí den chatagóir chéanna. Tá feabhas tagtha ar éifeachtúlacht an príomhrúidbhealaigh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath dá bharr sin.

Cianseirbhísí Túir: D’éirigh leis an IAA cistiúchán seachtrach a áirithiú ó Ghnóthas Comhpháirteach SESAR (Clár Taighde Bainistíochta Aerthráchta an Aerspáis Eorpaigh Aonair) chun tacú leis an tionscadal seo, rud arb é an aidhm atá leis cur ar ár gcumas Cianseirbhísí Túir a sholáthar ag Aerfort na Sionainne agus ag Aerfort Chorcaigh, go príomha le linn tréimhsí ina mbíonn ísealdlús tráchta, agus iad á rialú ó chiansaoráid i mBaile Átha Cliath. Tá 50 cleachtadh san iomlán beartaithe don tionscadal le linn na mblianta 2015 agus 2016 agus táthar ag súil go mbainfidh an tionscadal tairbhí sábháilteachta agus airgeadais araon amach.

Stiallacha Eitilte Leictreonacha: Tá obair á déanamh faoi láthair chun córas Stiallacha Eitilte Leictreonacha a thabhairt isteach i dTúr Bhaile Átha Cliath, rud a chuirfidh deireadh leis an ngá a bhíonn le stiallacha páipéir traidisiúnta. Agus leas á bhaint as uathobriú, cuirfear feabhas ar a éifeachtúlacht agus ar a shábháilteacht a bhíonn oibríochtaí túir.

Monatóireacht Láraithe: Bainfear éifeachtúlachtaí táirgiúlachta innealtóireachta amach trí mhonatóireacht láraithe a dhéanamh ar ár gcórais theicniúla as láithreacha láir ag na hIonaid Rialaithe Limistéir dár gcuid. Sa bhliain 2014, cuireadh tús le hobair ar mhonatóireacht láraithe a thabhairt isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag Aerfort na Sionainne (agus iad in-idirmhalartaithe ar bhonn seala). Tá sí sceidealta lena cur chun feidhme ag deireadh na bliana 2015.

Ionad Teagmhasach faoi Bhealach (Baile Uí Gheirín): I mí Dheireadh Fómhair 2014, cuireadh tús, de réir sceidil, leis an Ionad Teagmhasach faoi Bhealach a thógáil i mBaile Uí Gheirín. Tógfaidh an tógáil dhá mhí dhéag agus beidh an foirgneamh ar fáil don Stiúrthóireacht Teicneolaíochta / Oibriúcháin ag deireadh na bliana 2015 (de réir an sceidil) ionas gur féidir trealamh bainistíochta aerthráchta a shuiteáil agus a choimisiúnú. Cuirfidh an tsaoir sin leis an gcumas atá ag IAA déileáil le briseadh gan choinne ar an tseirbhís.

Comhsheirbhís North Atlantic Communications le ISAVIA: Beidh céim 2 den chomhar idir an IAA agus ISAVIA (an Íoslainn) i bhfeidhm go hiomlán i ráithe 2 de 2015. Cruthófar lánionad fíorúil agus comhtháthófar an dá chóras Raidió

iomlán le chéile dá bharr sin. Beidh rochtain ag an dá pháirtí ar gach sócmhainn ó cheachtar ionad. Chun é sin a bhaint amach, bhí gá le lasc nua guthchumarsáide a thabhairt isteach. Rinneadh obair shuntasach ina leith sin le linn 2014.

Cinnteoireacht Chomhoibríoch ag Aerfoirt (A-CDM):

Rinne an IAA, in éineacht leis an daa agus EUROCONTROL, Cinnteoireacht Chomhoibríoch ag Aerfoirt (A-CDM) a sheoladh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2014.

Mar chuid de Chinnteoireacht Chomhoibríoch ag Aerfoirt, glactar cur chuige comhpháirtíochta agus déantar faisnéis a mhalartú go tráthúil idir úsáideoirí feidhmiúla agus soláthraithe seirbhísí ag aerfoirt agus an bainisteoir líonra in EUROCONTROL, rud a chuireann ar chumas aerlínte coigilteas breosla agus astaíochtaí a bhaint amach. Chomh maith leis sin, baineann Cinnteoireacht Chomhoibríoch ag Aerfoirt a lán tairbhí amach ó thaobh rialú aerthráchta de, lena n-áirítear pleanáil sholúbtha réamhimeachta, plódú laghdaithe ar an naprún agus ar an mbealach innlithe, agus ualach oibre laghdaithe i measc rialtóirí aerthráchta.

Comhpháirtíochtaí, Comhghuaillíochtaí agus Tionscnaimh Straitéiseacha

Ceann de na bunchlocha dár gcuid oibre is ea dul i mbun rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha a chuireann luach leis an ngnó agus / nó a chomhlíonann ár gcritéir rialála idirnáisiúnta. Cabhraíonn an cur chuige sin leis an IAA tuilleadh cost-éifeachtúlachtaí a sholáthar dár gcuid custaiméirí.

COOPANS

Tá an IAA tiomanta don teicneolaíocht is fearr is féidir a úsáid. A bhí le tabhairt isteach rathúil na chéad chéime eile de COOPANS, arb é an córas bainistíochta aerthráchta atá i bhfeidhm againn agus ar cheannaigh an Ostair, an Chróit, an Danmhairg, Éire agus an tSualainn é i gcomhpháirt lena chéile, tá an leagan céanna de bhogearraí COOPANS á n-úsáid anois i seacht n-ionad feidhmiúla san Eoraip. Níl aon ghrúpa eile san Eoraip i ngar ná i ngaobhar do na leibhéal chéanna chomhair theicniúil sin a bhaint amach.

Tá Comhghuaillíocht COOPANS i mbun cainteanna le DSNA, an soláthraí seirbhísí sa Fhrainc, chun córas coiteann rialaithe aerthráchta a chruthú faoin mbliain 2025. Tá breithniú á dhéanamh ag na baill freisin ar an ailíniú a leathnú chun go n-áireofar oiliúint rialtóirí aerthráchta ann (féach Entry Point North (EPN) thíos), rud a thabharfaidh an Ostair agus an Chróit faoi chomhpháirtíocht EPN.

Ar aon dul leis na forbairtí sin, bíonn comhpháirtithe COOPANS ag éirí níos ailínithe i gcónaí agus tá an grúpa ina

bhall anois de Chomhghuaillíocht ANSP an A6, agus é ag glacadh páirt i gcomhchuibhreannas atá comhdhéanta de ANSP, aerlínte agus aerfoirt don fheidhm atá ag SESAR mar Bhainisteoir Imscartha (féach thíos).



Chomhaontaigh an IAA US\$29.3 milliún, figiúr is comhionann le scairsealbhóireacht cothromais 6%, a infheistiú in Aireon, forbróir an chéad chórais spásbhunaithe faireachais aerthráchta dhomhanda ADS-B (Uathfhairéachas Spleách – Craoladh) ar domhan. Agus an teicneolaíocht sin á húsáid, is féidir seirbhísí rialaithe aerthráchta a chur ar fáil i mbeagnach gach cuid den domhan, rud a tháirgeann mórchoigilteas breosla agus móréifeachtúlachtaí breosla d'aerlínte. Tá sé beartaithe go mbeidh seirbhís Aireon ar fáil do sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta sa bhliain 2018.

Tá sé fógartha againn le déanaí go mbeidh an tseirbhís um Aimsiú Aerárthaí agus Rianú Práinnfhreagartha de chuid Aireon (seirbhís ALERT de chuid Aireon) á bainistiú ó ionad North Atlantic Communications an IAA i mBaile Uí Gheirín. Cuirfidh an tseirbhís dhomhanda nua sin ar chumas gníomhaireachtaí tarrthála, soláthraithe rialaithe aerthráchta agus aerlínte teacht ar shuíomh aon aerárthaí a bhfuil teicneolaíocht ADS-B suiteáilte iontu agus atá ag eitilt áit ar bith ar domhan, agus teacht ar bhealach eiltithe deireanach na n-eiltítí sin, ach an fhaisnéis sin a iarraidh. Agus an IAA roghnaithe chun an tseirbhís sin a óstáil, léirítear an taithí atá ag an IAA le fada ar chumarsáid aerloingseoireachta, ar ár bhfoireann, ar ár suíomh agus ar ár dtrealamh nua-aimseartha a úsáid.



SESAR (Clár Taighde agus Forbartha Bainistíochta Aerthráchta an Aerspáis Eorpigh Aonair)

Tá cuibhreannas a chuimsíonn an IAA, ár gcomhpháirtithe in COOPANS agus soláthraithe eile seirbhísí aerloingseoireachta, aerlínte agus aerfoirt tar éis an conradh a fháil don ról mar Bhainisteoir Imscartha SESAR san AE. Is ionann an cuibhreannas sin agus comhpháirtíocht ar leith sa tionscal eitlíochta, rud a dhéanfaidh comhordú agus sioncrónú ar uasghráduithe ar fiú €3 billiún iad ar bhonneagar bainistíochta aerthráchta na hEorpa, agus é mar aidhm aerspás na hEorpa a nuachóiriú.

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH *ar lean*



Bloc Feidhme Aerspáis (FAB) na hÉireann/na Ríochta Aontaithe

Le linn na bliana 2014, dhírigh an IAA agus NATS, an soláthraí seirbhísí aerthráchta sa Ríocht Aontaithe, formhór mór a gcuid gníomhaíochtaí a bhain le FAB ar na réimsí seo a leanas:

Plean Feidhmíochta FAB 2015-2019: Le linn na bliana 2014, rinneadh obair shuntasach chun plean gaolmhar costais oibriúcháin a bhaineann le Plean Feidhmíochta FAB na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe do RP2 (Scéim Feidhmíochta an AE, Tréimhse Thagartha 2, 2015- 2019) a thabhairt chun críche. Chuir Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe an plean deiridh isteach i ráithe 4 de 2014. D'fhaomh an AE go foirmiúil é i ráithe 1 de 2015. Cuimsítear sa Plean spriocanna náisiúnta agus comhspricanna FAB le haghaidh na réimsí seo a leanas: cost-éifeachtúlacht, acmhainn (moilleanna), an comhshaol (éifeachtúlacht eitiltí faoi bhealach) agus sábháilteacht. Gealltar sa Plean go ndéanfaidh FAB rannchuidiú suntasach maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair a sholáthar thar na chéad chúig bliana eile.

Tástáil Oibríoch ar Earnáiliú Dinimiciúil (DSOT): Chuir an IAA an chéad chéim de DSOT chun feidhme go rathúil idir Eanáir agus Meán Fómhair 2014. Is é a bhí i gceist leis an tástáil sin cuid d'aerspás na Ríochta Aontaithe a tharmligean go sealadach ó NATS chuig an IAA. Agus sinn ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe éagsúla ar fud FAB, thaispeáin an tástáil sin na héifeachtúlachtaí is féidir a chur ar aghaidh chuig na haerlínte trí sheirbhísí aerthráchta a aistriú ar bhealach taicticiúil idir soláthraithe. Léirigh an tástáil, arbh í an chéad tástáil den chineál sin san Eoraip, an cumas atá againn seirbhísí atá sábháilte agus cost-éifeachtúil a chur ar fáil in aer-spás comharsanach. Beifear ag obair ar ghníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an tástáil le linn na bliana 2015.

Tástáil X-MAN: Sa bhliain 2014, d'oibrigh an IAA go dlúth le NATS chun aer-spás FAB na hÉireann/na Ríochta Aontaithe a bharrfheabhsú trí leas a bhaint as córais agus as nósanna imeachta um bainistíocht scuainí aerthráchta d'fhonn moilleanna a mhaolú sa chéim faoi bhealach d'eitilt seachas sna cruacha coinneála a bhíonn dian ar bhreosla ag Heathrow. D'éirigh leis an tionscadal sin coigilteas a sholáthar dár gcuid custaiméirí.



Entry Point North Ireland Ltd

Sa bhliain 2014, chuaigh an IAA isteach i gcomhghuaillíocht straitéiseach oiliúna le Entry Point North Ireland Ltd. Tá Entry Point North ar cheann de na hacadaimh oiliúna bainistíochta aerthráchta neamhspleácha is mó san Eoraip agus cinntíonn an chomhghuaillíocht sin go mbíonn oiliúint bainistíochta aerthráchta cost-éifeachtúil agus ar an gcaighdeán is airde agus go gcomhlíonann sí ceanglais rialála.



Lean an IAA de bheith ag tacú le hobair chomhghuaillíocht ANSP – rud atá comhdhéanta de naoi mball – agus bhain sé leas as an gComhghuaillíocht chun deiseanna seirbhíse tráchtála a mhargú. Le linn na bliana 2014, comhaontaíodh gur chóir do na baill díriú ar an Aerspás Saorbhealaigh a chur chun feidhme ar fud an aer-spáis ar fad sa réigiún faoin mbliain 2018 (cé gur thug an IAA an coincheap feidhmiúil sin isteach sa bhliain 2010, tá sé ag tacú le mórtionscnamh Borealis).

Iomaíochas, Táillí Custaiméirí agus Aiseolas ó Chustaiméirí


Tá staid iomaíoch an IAA i measc na gceann is fearr san Eoraip mar gheall ar na táillí faoi bhun an mheáin a ghearrtar ar chustaiméirí agus ar na hardleibhéil feidhmíochta oibriúcháin agus soláthair tionscadal a bhíonn ann. Sa bhliain 2014, níor thuairiscigh an IAA aon mhoilleanna ar bith a bhí inchurtha i leith bainistíocht aerthráchta ag aerfoirt Chorcaí, Bhaile Átha Cliath ná na Sionainne. Léirítear sna staitisticí maidir le cloí le slótáin go bhfuil ár bhfeidhmíocht ina leith sin os cionn an ghnáthleibhéil san AE.

Sa tuarascáil ACE (Cost-Éifeachtúlacht Bainistíochta Aerthráchta) don bhliain 2014 arna foilsiú ag EUROCONTROL, deimhníodh gurbh é cost-éifeachtúlacht airgeadais 'geata go geata' an IAA ná €334 in aghaidh na huairé eitilte. Ba é €437 meánchostas na hEorpa.

I gcomparáid le €30.62 sa bhliain 2014, is é €29.60 ráta reatha aonad faoi bhealach an IAA don bhliain 2015. Bíonn ceann de na rátaí aonad is ísle á choinneáil ar bun go seasta


ag an IAA d'úsáideoirí faoi bhealach, rud a dhéanann aerspás na hÉireann níos tarraingtí ó thaobh airgid de d'úsáideoirí aerspáis. Tá ár dtáillí críochfoirt fós sa cheathairíl is ísle.

EUROCONTROL Rátaí aonad faoi bhealach € – 2015



Costais


Costais 'Geata go Geata'



Tá costais an IAA níos ísle, agus tá siad ag laghdú níos tapa, ná meánfhiigiúr an AE agus bíonn an scéal sin ag feabhsú i gcónaí

Sábháilteacht


Éifeachtacht Bainistíochta Sábháilteachta (EoS)



Tá éifeachtacht bainistíochta sábháilteachta an IAA os cionn mheánfhiigiúr an AE agus bíonn sí ag feabhsú i gcónaí

Moilleanna

Moill



Bhí moilleanna an IAA diomaibhseach agus leanann siad de bheith diomaibhseach

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH *ar lean*

Aiseolas ó Chustaiméirí

Le linn na bliana 2014, thug an IAA faisnéis do 32 custaiméir san iomlán (lenar áiríodh gach ceann den 25 príomhchustaiméir atá aige) maidir le príomh-shaincheisteanna straitéiseacha/ oibriúcháin ar bhonn aghaidh ar aghaidh ag a saoráidí ceanncheathrún. D'éirigh go han-gheal lenár gclár um chúram custaiméirí arís eile sa bhliain 2014. Bhain an IAA scór foriomlán 92.6 amach, figiúr arna thomhas ar fud cúig phríomh-cheannteideal – soláthar seirbhísí agus éifeachtúlacht oibriúcháin; cost-éifeachtúlacht airgeadais; sábháilteacht; cumarsáid agus caidreamh le custaiméirí; nuálaíocht agus feabhas leanúnach. Tá an clár sin á úsáid ag an IAA le blianta anuas chun caidreamh fadtéarmach luachbhunaithe a bhunú lenár gcuid custaiméirí. Trínár suirbhéanna ar chúram custaiméirí, cabhraítear linn riachtanais ár gcuid custaiméirí a thuiscint agus feabhas a chur ar ár gcuid seirbhísí.

Tomhas	Scór Sástachta
Cost-Éifeachtúlacht Airgeadais	89.97%
Soláthar Seirbhísí	92.60%
Sábháilteacht	94.31%
Caidreamh le Custaiméirí	95.34%
Nuálaíocht	90.66%

Athbhreithniú Airgeadais

Bhí ár bheidhmíocht airgeadais an-láidir sa bhliain 2014. Ba é €177.5 milliún an láimhdeachas sa bhliain, rud ar mhéadú 2.2% é ar an bhfigiúr don bhliain 2013. I gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain seo caite, tháinig méadú ar ghníomhaíocht tráchta sna réimsí a bhaineann le trácht faoi bhealach, trácht críochfoirt agus trácht North Atlantic Communications. Tá sé réamh-mheasta go mbeidh fás eile ann sa bhliain 2015. Roimh chreidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe a bhain le pinsin, bhí an brabús oibriúcháin €29.7 milliún 15.5% níos airde ná mar a bhí sa bhliain 2013 mar gheall ar an mbéim leanúnach a bhíonn á cur ar chostais oibriúcháin agus ar úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní. Mhol bord stiúrthóirí an IAA go n-íocfaí díbhinn €6.5 milliún.

Pinsin

Tá torthaí bannaí ísle ina ndúshlán suntasach don chumas atá ag scéimeanna pinsin sochair shainithe pinsin a íoc toisc go bhfuil costas an-ard ag baint le gealltanais fhadtéarmacha airgeadais de bharr torthaí bannaí ísle. Mar thoradh ar na

leibhéil ísle rátaí úis atá ann – leibhéil nach bhfacthas roimhe seo – agus ar na torthaí bannaí ísle a ghabhann leo, rud atá le feiceáil sa laghdú sa ráta lascaine ó 4.0% go 2.25%, tá méadú suntasach tagtha ar easnamh na bpríomhscéimeanna pinsin sochair shainithe. D'fhág an méid sin gur ghá cinntí deacra a dhéanamh ar mhaithe le sócmhainneacht na scéimeanna a chosaint. Bunaithe ar cheisteanna inacmhainneachta, agus toisc nach féidir leis an gciste pinsin freastal ar mhéaduithe pinsin ag an am seo, glactar anois gur nialasach atá ráta na méaduithe lánroghnacha pinsin. Tá an cinneadh sin ar áireamh mar chreidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe €102.0 milliún i gCuntas Brabúis agus Cailteanais an IAA. Cé go gcuireann an cinneadh sin go mór le maolú a dhéanamh ar an méadú san easnamh, ní leor é go fóill toisc gur mhéadaigh an t-easnamh pinsin ag an 31 Nollaig 2014 ó €113.8 milliún ag deireadh na bliana 2013 go €132.5 milliún ag deireadh na bliana 2014. Is fíor a rá gur deacair méadú pinsin os cionn nialais a shamhlú ag an am seo, ach tá sé ar intinn ag an gcuideachta dlúthmhónatóireacht a dhéanamh air sin sa toadhcháil. Is é an prionsabal ginearálta ná nach féidir méaduithe pinsin a íoc ach amháin i gcásanna ina bhfuil sé d'acmhainn ag an gciste déanamh amhlaidh. Tá an luacháil achtúireach thribhliantúil don bhliain 2015 á déanamh faoi láthair agus táthar ag súil go mbeidh tuarascáil deiridh ar fáil i lár na bliana.

Láimhdeachas

Bhí seirbhísí loingseoireachta faoi bhealach freagrach as €112.1 milliún, nó as 63.2%, den láimhdeachas iomlán. Soláthraítear an cineál sin seirbhísí d'aerárthaí (traseitiltí) nach dtagann, den chuid is mó, chun talún in Éirinn. Táimid lonnaithe go straitéiseach san Eoraip, agus suas le 90% den aerthrácht trasatlantach ag dul trí aerspás faoi rialú na hÉireann. Cothrom le €21.1 milliún, nó le 11.9% den láimhdeachas, a bhí seirbhísí loingseoireachta críochfoirt a cuireadh ar fáil d'aerárthaí le haghaidh ascnaimh, tuirlingthe agus éirithe de thalamh ag aerfoirt Chorcaí, Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne. Chuir seirbhísí North Atlantic Communications 10.4%, nó €18.4 milliún, leis an láimhdeachas iomlán. Cuireann an IAA seirbhís guthchumarsáide ar fáil leath bealaigh trasna an Aigéin Atlantaigh ónár n-ionad cumarsáide i mBaile Uí Gheirín, Co. an Chláir.

Bhí láimhdeachas ó fheidhmeanna rialála sábháilteachta freagrach as €19.7 milliún, nó 11.1%, den láimhdeachas iomlán. Tá freagracht ar an IAA as clárú agus as deimhniú a dhéanamh ar aerárthaí, ar phearsanra aerárthaí, ar

eagraíochtaí a oibríonn agus a chothabhálann aerárthaí agus ar aeradróim. Bhí ioncam tráchtála freagrach as 2.5%, nó €4.5 milliún, den láimhdeachas agus bhí sé á bhrú chun cinn go príomha ag oiliúint a bhain le bainistíocht aerthráchta a cuireadh ar Entry Point North Ireland Ltd.

Costais Oibríúcháin

Bhí costais oibríúcháin sa bhliain 2014 beagán níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2013, agus iad cothrom le €147.8 milliún (2013: €147.9 milliún). Leanamar de bheith ag díriú ar thionscnaimh um shrianadh costais agus ar an úsáid is éifeachtaí is féidir a bhaint as na hacmhainní a bhí ar fáil dúinn, lena áiríodh úsáid níos fearr a bhaint as an teicneolaíocht. Mar thoradh air sin, méadaíodh ár gcorrlach brabúis oibríúcháin (roimh mhíreanna eisceachtúla) ó 14.8% sa bhliain 2013 go 16.7% sa bhliain 2014.

Clár Comhardaithe

Agus iad cothrom le €255.2 milliún, bhí sócmhainní iomlána 12.7% níos airde ná mar a bhí sa bhliain 2013. Le linn na bliana, d'infheistíomar €11.2 milliún (US\$15.3 milliún) in Aireon LLC, ar fiontar spásbhunaithe faireachais aerthráchta ar dóigh dó bunathrú a dhéanamh ar bhainistíocht aerthráchta é. Mar thoradh ar an ngealltanús atá tugtha againn US\$14.0 milliún eile a infheistiú, bainfidh ár scairshealbhóireacht cothromais in Aireon 6% amach sa bhliain 2017.

Tá glaneasnamh pinsin €132.5 milliún, tar éis cáin iarchurtha ghaolmhar, ar áireamh i ndlíteanais, glaneasnamh arbh ionann é agus méadú €18.7 milliún ar an bhfigiúr don bhliain 2013. Méadaigh luach cóir shócmhainní an phlean i bpríomhscéim sochair shainithe an IAA ó €392.0 milliún ag an 31 Nollaig 2013 go €450.7 milliún ag an 31 Nollaig 2014. Méadaigh luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe ó €522.1 milliún go €602.2 milliún sa tréimhse chéanna. Cé gur an-dearfach a bhí na torthaí ar shócmhainní na scéime pinsin sa bhliain, d'imir an laghdú sa ráta lascaine ó 4.0% ag an 31 Nollaig 2013 go 2.25% ag an 31 Nollaig 2014 tionchar suntasach ar dhlíteanais na scéime. Tá an scéim sin dúnta do bhail nua ón 1 Eanáir 2012. Ba ar an dáta sin a cuireadh scéim hibrideach pinsin ar bun d'fhostaithe nua atá ag teacht isteach san IAA ón dáta sin i leith.

Forbairtí Eile

Freagracht Shóisialta Chorporáideach (CSR)

Le linn na bliana, d'fhoilsigh an IAA an chéad tuarascáil ar Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach dá chuid. Táimid tiomanta do chleachtais ghnó atá freagrach agus inbhuanaithe a ghlacadh, agus tionchar dearfach fadtéarmach á imirt againn ag an am céanna ar ár bpobal, ar ár bpáirtithe leasmhara, ar ár bhfoireann agus ar an tionscal.

AVIATION INDUSTRY AWARDS 2015



Sa bhliain 2014, bhí an tacaíocht a thugamar do chéad Dámhachtainí an Tionscail Eitlíochta ar cheann den iomad gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu chun tacú lenár gcuid cuspóirí ó thaobh freagracht shóisialta chorporáideach de. Tugadh aitheantas ag an ócáid do na daoine sin a oibríonn chun tionscal eitlíochta atá sábháilte agus éifeachtúil a áirithiú. Mar gheall ar an rath a bhí orthu, tá an IAA ag tacú le Dámhachtainí an Tionscail Eitlíochta arís eile i mí na Bealtaine 2015.

Acmhainní Daonna

Leantar ar aghaidh le díriú ar chostais a shrianadh. Thángthas ar chomhaontú le hionadaithe foirne ar chomhaontú athstruchtúraithe innealtóireachta, rud ar tugadh clár d'innealtóirí iarchéime isteach mar chuid de. Thosaigh dháréag innealtóirí iarchéime ar an gclár sa bhliain 2014.

Chomh maith leis sin, glacadh le dhá ghrúpa nua inár gclár do rialtóirí aerthráchta faoi oiliúint sa bhliain 2014 agus tá sé beartaithe glacadh le grúpa eile sa bhliain 2015.

Le linn na bliana, comhaontaíodh beartas meán sóisialta le hionadaithe foirne agus d'éirigh linn aghaidh a thabhairt ar thionscnaimh tinrimh a bhainistiú go héifeachtach.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Anne Nolan, ár gCathaoirleach, agus leis na comhaltaí eile boird as ucht a dtacaíochta agus a dtreorach le linn na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Uasal Tom O'Mahony, Ard-Rúnaí, agus leis an Uasal John Fearon, Rúnaí Cúnta, agus lena gcuid comhghleacaithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt as an tacaíocht agus as an gcúnamh a thug siad le linn na bliana.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le mo chomhghleacaithe bainistíochta agus leis an bhfoireann as ucht a ndíograise agus a dtiomantais don iomad éachtaí a bhí againn a bhaint amach.



Eamonn Brennan

Príomhfheidhmeannach





**NA RÁITIS
AIRGEADAIS**

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair, chomh maith le ráitis airgeadais iniúchta Údarás Eitlíochta na hÉireann (“an IAA”), don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

Príomhghníomhaíochtaí, torthaí airgeadais agus díbhinní

Tá an tÚdarás meáite ar sheirbhísí aerloingseoireachta agus rialála atá sábháilte, éifeachtach agus cost-éifeachtúil a chomhlíonann riachtanais a chustaiméirí a sholáthar ar bhonn tráchtála fóna.

Tá sonraí faoi thorthaí airgeadais an Údarás don bhliain leagtha amach sa chuntas brabúis agus caillteanais ar leathanach 31 agus sna nótaí gaolmhara.

Áirítear an t-eolas atá ag teastáil ó Alt 13 d’Acht na gCuideachtaí (Leasaithe), 1986, ar fhorbairt an ghnó agus imeachtaí tábhachtacha, i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh. Mar a thuairiscítear taobh istigh ann, bhí feidhmíocht an IAA sa bhliain reatha dearfach arís le brabús don bhliain airgeadais de €21.8 milliún roimh chreidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe de €89.2 milliún (glantionchar tar éis cánach) ar láimhdeachas de €177.5 milliún.

Le linn na bliana, rinne an IAA dearbhú agus íoc ar dhíbhinn deiridh €4.8 milliún (€0.27 sa scair) le haghaidh na bliana fiosaí 2014 (2013: €3.0 milliún - €0.17 sa scair). De bhreis ar an díbhinn €3.0 milliún a íocadh sa bhliain roimhe, íocadh díbhinn speisialta €2.0 milliún (€0.11 sa scair) in 2013 (díbhinní iomlána in 2013: €5.0 milliún).

Agus monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht an IAA, tá aird ag na stiúrthóirí agus ag an lucht bainistíochta do raon de phríomhtháscairí feidhmíochta mar a leagadh amach i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, go sonrath:

Príomhtháscairí feidhmíochta	2014	2013
	Líon	Líon
Traseiltí faoi bhealach	301,331	298,270
Trácht críochfoirt tráchtála	215,783	202,533
North Atlantic communications	420,423	404,842

Tá fíis an IAA bunaithe ar chúig eochair-réimse toraidh a bhrúnn a chuspóirí ina fheidhmíocht laethúil chun cinn – is iad sin rialáil sábháilteachta, sábháilteacht Bainistíochta Aerthráchta (“ATM”), feabhas seirbhíse, caidreamh airgeadais agus páirtithe leasmhara. Áirítear leis na rioscaí agus neamhchinnteachtaí príomha os comhair fhorbairt an IAA sa todhchaí na nithe seo a leanas:

- cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán sábháilteachta
- tuilleadh forbartha ar rialacháin an Bhloic Feidhme Aerspáis agus an Aerspáis Eorpaigh Aonair
- drochdhálaí eacnamaíocha agus margaidh
- dealú feidhmeanna an tsoláthair seirbhíse agus na rialála sábháilteachta
- iontaoibh shuntasach an IAA ar a bhonneagar TF.

Tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun dul i ngleic leis an méid sin agus le rioscaí eile atá os comhair an IAA. Leagann an rannán um rialachas corparáideach den tuarascáil seo ó na stiúrthóirí ar leathanaigh 19 go 23 amach beartais an IAA agus a chur chuige maidir le rioscaí agus modhanna agus na dualgais agus na freagrachtaí a bhaineann le rialú inmheánach.

Stiúrthóirí

Chuaigh téarma oifige Anne Nolan Uasal as feidhm an 12 Meitheamh 2014 agus athcheapadh í, mar Chathaoirleach, chuig an mbord an 13 Meitheamh 2014. Ceapadh Marie Bradley Uasal chuig an mbord an 13 Meitheamh 2014. Ceapadh an tUasal Pascal Fitzgerald chuig an mbord an 1 Lúnasa 2014. Chuaigh an tUasal Geoffrey O’Byrne-White ar scor ón mbord an 9 Nollaig 2014.

Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Ní raibh aon leasanna i scaireanna an IAA ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí a bhí i seilbh oifige ag an 31 Nollaig 2014 i dtosach na bliana, ná ag an dáta ar ceapadh iad (más níos déanaí) ná ag deireadh na bliana. Ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt stiúrthóirí an IAA agus bíonn siad i seilbh oifige don tréimhse a ainmniúnn an tAire nuair atá siad á cheapadh ach ní tréimhse níos faide ná ceithre bliana í.

Rialachas corparáideach

Tá na stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a choinneáil. Cloíonn an IAA leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Achoimríonn na nithe seo a leanas cur chuige an IAA maidir le rialachas corparáideach.

Prionsabail an dea-rialachais chorparáidigh

Tá na stiúrthóirí freagrach do scairshealbhóirí an IAA, don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, as dea-rialachas corparáideach a dhéanamh. Taispeántar sa tuarascáil seo conas a chuirtear prionsabail iomchuí an dea-rialachais chorparáidigh i bhfeidhm, faoi mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

An Bord

Tá an bord déanta suas de sheachtar stiúrthóirí neamh-feidhmiúcháin agus stiúrthóirí feidhmiúcháin amháin ar cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad. Bíonn na stiúrthóirí i seilbh oifige don tréimhse a ainmníonn an tAire nuair atá siad á cheapadh ach ní tréimhse níos faide ná ceithre bliana í. Rinne an bord breithniú ar stiúrthóirí aonair a shainiú mar stiúrthóirí neamhspleách sinsearach ach, ag féachaint don dóigh a gceaptar stiúrthóirí, tháinig sé ar an tuairim nach bhfuil sé sin iomchuí.

Tá an bord freagrach as bainistíocht iomchuí an IAA. Déanann sé na mórchinní straitéiseacha agus coinníonn sé rialú iomlán agus éifeachtach, le linn dó solúbthacht

dhóthanach a thabhairt don phríomhfheidhmeannach agus dá fhoireann bainisteoireachta sinsearaí chun an gnó a reáchtáil ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach laistigh de chreat tuairiscithe láraithe.

Tá an bord tar éis gnéithe áirithe a roghnú dá athbhreithniú, lena n-áirítear sábháilteacht; formheas na ráiteas airgeadais bliantúil; buiséid; an plean corparáideach; cuntais bhainistíochta; na conarthaí móra; caiteachas caipitil tábhachtach agus ceapacháin na bainisteoireachta sinsearaí.

Chomh luath is a cheaptar stiúrthóirí nua, glacann siad páirt i gcúrsa ionduchtúcháin, áit ina bhfoghlaímíonn siad faisnéis airgeadais agus eile faoin IAA, agus faoi róil an bhoird agus choistí an bhoird. Is éard a bhíonn i gceist leis an bpróiseas sin de ghnáth ná cruinnithe le feidhmeannaigh shinsearacha thábhachtacha. Ar fud a dtréimhse i seilbh oifige, cuirtear faisnéis rialta ar fáil do na stiúrthóirí faoi gach gné den ghnó. Scaiptear tuarascálacha agus páipéir don bhord agus dá choistí ar bhonn tráthúil.

Tionóltar cruinnithe rialta an bhoird ar fud na bliana. Thionóil an bord sé chruinniú in 2014. Freastalaíodh ar na cruinnithe sin mar seo a leanas:

	Dáta Ceapacháin	Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu	Uaslíon na gcruinnithe boird a raibh an stiúrthóir in ann freastal orthu
Anne Nolan, <i>Cathaoirleach</i>	13 Meitheamh 2014	6	6
Eamonn Brennan, <i>Príomhfheidhmeannach</i>	8 Meán Fómhair 2011	6	6
Marie Bradley	13 Meitheamh 2014	3	3
Ernie Donnelly	24 Bealtaine 2012	6	6
Pascal Fitzgerald	1 Lúnasa 2014	2	2
Basil Geoghegan	20 Bealtaine 2013	6	6
Michael Norton	6 Deireadh Fómhair 2011	6	6
Geoffrey O'Byrne-White	Chuaigh sé ar scor le linn na bliana	4	6
Kevin O'Driscoll	16 Meán Fómhair 2013	6	6

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ *ar lean*

Tá rochtain ag comhaltaí den bhord ar chomhairle agus sheirbhísí rúnaí na cuideachta atá freagrach don Bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go cloítear le rialacha agus rialacháin is infheidhme. Tá comhairleoirí gairmiúla an IAA ar fáil le haghaidh comhairliúcháin do na stiúrthóirí nuair is gá. Féadfaidh stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil, más gá, ar chostas an IAA.

Tá an cathaoirleach i gceannas ar an mBord maidir lena straitéis a chinneadh agus lena chuspóirí a bhaint amach. Cinneann an cathaoirleach clár oibre an Bhoird, rud a chinntíonn a éifeachtacht, agus éascaíonn sé gach stiúrthóir cur go héifeachtach leis. Baintear leas as scileanna, saineolas agus taithí ar leith an Bhoird trí na tacair scileanna sin a mheaitseáil le breithniú an Bhoird ar shaincheisteanna straitéiseacha agus oibriúcháin, mar a gcuireann comhaltaí aonair den bhoird a n-inniúlachtaí ar leith ar fáil, agus iad a mheaitseáil freisin le ceanglais gach coiste boird agus leis na comhaltaí de na coistí sin a chinneadh. Coinníonn an cathaoirleach agus an lucht bainistíochta cumarsáid éifeachtach leis an scairshealbhóir. Is ar leith atá ról an chathaoirligh agus ról an phríomhfheidhmeanaigh.

Thug an Bord faoi mheasúnú deireadh bliana ar a fheidhmíocht, trína fheidhmíocht a mheas i gcoibhneas a chuspóirí straitéiseacha, trí na héachtaí a bhreithniú agus trí shainnithint a dhéanamh ar aon réimsí ina bhféadfadh an Bord a phleanáil nó a nósanna imeachta a fheabhsú, agus ar riachtanais oiliúna freisin. Baineann an Bord úsáid as próiseas cosúil chun feidhmíocht na gcoistí a mheas gach bliain. Chuir an bord próiseas níos foirmiúla san áireamh do mheasúnú stiúrthóirí aonair, lena n-áirítear éascaitheoir seachtrach a cheapadh, ach, mar gheall ar an dóigh a gceaptar stiúrthóirí baineadh de tháil as nach mbeadh measúnú den sórt sin oiriúnach ag an am seo.

Tá na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin go léir neamhspleách ar an lucht bainistíochta. Bhí luach saothair an stiúrthóra feidhmiúcháin, a bhfuil conradh seirbhíse aige, ceadaithe ag an gCoiste Pearsanra, Ceapachán agus Luach Saothair. Bhí cuid den luach saothair sin bunaithe ar fheidhmíocht agus, dá bhrí sin, bhí sí bainteach le cuspóirí an IAA agus cuspóirí

an duine sin. Socraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe táillí na stiúrthóirí. Is iad na rudaí a nochtar sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le luach saothair agus faisnéis phinsin stiúrthóirí ná rudaí nach mór a nochtadh faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit anochtadh.

Úsáideann an bord ceithre choiste chun cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach:

1. **An coiste iniúchóireachta**
2. **An coiste airgeadais**
3. **An coiste pearsanra, ceapachán agus luach saothair**
4. **An coiste pleanála infheistíochta**

An coiste iniúchóireachta

Oibríonn an coiste iniúchóireachta faoi théarmaí tagartha foirmiúla, a ndearnadh athbhreithniú orthu i rith na bliana. Thionóil an coiste ceithre chruinniú le linn 2014. Is iad seo a leanas na comhaltaí den choiste agus líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu:

Comhaltaí	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu	In ann freastal orthu
Kevin O'Driscoll, <i>Cathaoirleach</i>	4	4
Geoffrey O'Byrne-White, ⁽¹⁾ <i>(ar scor)</i>	2	3
Pascal Fitzgerald	1	1
Basil Geoghegan	2	2
Anne Nolan	1	1

(1) Ghníomhaigh Geoffrey O'Byrne-White mar chathaoirleach go dtí an dáta ar a ndeachaigh sé ar scor ón mbord an 9 Nollaig 2014.

Is féidir leis an gcoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le gnóthaí an IAA, seachas ceisteanna sábháilteachta atá forchoimeáda don bhord. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuarascálacha an iniúcháin inmheánaigh, ar na beartais chuntasáochta, ar

chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasáíochta, ar na himpleachtaí cuntasáíochta a bhaineann le hidirbhearta móra agus ar cheapadh agus ar tháillí an iniúchóra sheachtraigh. Déanann sé athbhreithniú ar straitéis bhainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe an IAA agus déanann sé breithniú ar na nithe seo a leanas:

- acmhainní agus comhordú na ndaoine siúd a bhíonn páirteach sna rioscaí móra a bhíonn roimh an IAA a aithint, a mheas agus a bhainistiú
- an dóigh a ndéileáiltear leis na rioscaí móra a aithníonn an lucht bainistíochta agus daoine eile
- faireachán a dhéanamh ar thuarascálacha ón lucht bainistíochta
- timpeallacht rialaithe atá dírithe ar rioscaí a bhainistiú mar is ceart a choimeád ar bun
- nósanna imeachta bliantúla tuairiscithe.

Buaileann an t-iniúchóir seachtrach leis an gcoiste chun iniúchadh bliantúil ráitis airgeadais an IAA a phleanáil agus ansin chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta sin. Déanann an coiste iniúchóireachta breithniú ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha ar bhonn bliantúil agus tá beartas glactha aige a rialaíonn soláthar seirbhísí neamhiniúchta a chuireann an t-iniúchóir seachtrach ar fáil. Tuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach go díreach don choiste iniúchóireachta.

De ghnáth, bíonn an príomhfheidhmeannach, an stiúrthóir airgeadais, ceann an iniúchta inmheánaigh, chomh maith le hionadaithe ó oibríochtaí, ó theicneolaíocht na faisnéise, ó árachas, ón athbhreithniú sláinte agus sábháilteachta agus ón lucht dlí agus a chomhlíonta, trí chuireadh de réir mar is cú, i láthair ag na cruinnithe.

Tuairiscíonn an coiste iniúchóireachta don bhord ar bhonn ráithiúil de ghnáth, nó ar bhonn níos minice nuair a bhíonn gá leis.

Le linn 2014, rinne an coiste iniúchóireachta athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:

- dréachtráitis airgeadais do 2013 sular mhol sé iad don bhord lena bhfaomhadh

- tuarascáil ó na hiniúchóirí seachtracha maidir lena n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013
- clár riosca chorparáidigh 2014-2015, lena n-áirítear na príomhrioscaí roimh an ngnó agus breithniú a dhéanamh ar leorgacht an chórais aitheanta agus mheasúnaithe riosca
- éifeachtacht na rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca
- vplean iniúchta inmheánaigh do 2014 agus tuarascálacha iniúchta inmheánaigh
- éifeachtacht na feidhme iniúchta inmheánaigh
- plean iniúchta sheachtraigh do 2014, lena n-áirítear raon an iniúchta
- comhlíonadh rialachais chorparáidigh
- táillí iniúchta agus táillí neamhiniúchta iníochta leis an iniúchóir seachtrach
- a théarmaí tagartha féin

An coiste airgeadais

Oibríonn an coiste airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile uair amháin sa bhliain. Seo a leanas na comhaltaí den choiste agus líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu:

Comhaltaí	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu	In ann freastal orthu
Anne Nolan, <i>Cathaoirleach</i>	1	1
Eamonn Brennan	1	1
Basil Geoghegan	1	1
Geoffrey O'Byrne- White (<i>ar scor</i>)	1	1

Is féidir leis an gcoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le bainistíocht airgeadais an IAA. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin, ar an mbeartas ciste, agus ar shocrúithe árachais, bancála agus airgeadais.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ *ar lean*

An coiste pearsanra, ceapachán agus luach saothair

Oibríonn an coiste pearsanra, ceapachán agus luach saothair faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile ar dhá ócáid le linn na bliana. Is iad seo a leanas na comhaltaí den choiste agus líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu:

Comhaltaí	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu	In ann freastal orthu
Anne Nolan, Cathaoirleach	2	2
Basil Geoghegan	1	2
Geoffrey O'Byrne-White (<i>ar scor</i>)	2	2

Déanann an coiste luach saothair an lucht bainistíochta sinsir a chinneadh agus a fhaomhadh tar éis dó dul i gcomhairle le comhairleoir luach saothair nach raibh aon bhaint eile aige leis an IAA. Formheasann an coiste ceapachán don lucht bainistíochta sinsir freisin. Tá sonraí ar tháillí agus ar luach saothair na stiúirthóirí leagtha amach i nóta 6 de na ráitis airgeadais i gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

An coiste pleanála infheistíochta

Oibríonn an coiste pleanála infheistíochta faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile uair amháin le linn na bliana. Is iad seo a leanas na comhaltaí den choiste agus líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu:

Comhaltaí	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu	In ann freastal orthu
Michael Norton, Cathaoirleach	1	1
Ernie Donnelly	1	1

Breithníonn an coiste straitéis an IAA maidir le hinfheistíocht chaipitil agus le caiteachas gaolmhar.

Rialú inmheánach

Tá freagracht deiridh ar an mbord as córas rialaithe inmheánaigh an IAA agus as faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais sin. Mar sin féin, tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun déileáil leis an riosca go dteipfidh ar an ngnó a chuspóirí a bhaint amach, seachas chun deireadh a chur leis an riosca sin, agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta agus ní deimhniú leithliseach a thabhairt i leith ráiteas nó cailleanas ábhartha.

Tá próiseas leanúnach i bhfeidhm chun na rioscaí suntasacha roimh an IAA a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Tá an próiseas seo ar aon dul le Treoir Turnbull, agus déanann an bord athbhreithniú rialta air agus bhí sé i bhfeidhm sa bhliain faoi athbhreithniú agus suas chuig dáta faoia na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais.

Rinne an bord athbhreithniú agus nuashonrú ar an bpróiseas chun aithint agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an ngnó agus ar na beartais agus ar na nósanna imeachta a dhéanann bainistiú ar na rioscaí sin. Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí móra a bhaineann lena cuid den ghnó a aithint agus a mheasúnú agus as rialuithe inmheánacha cuí a cheapadh agus a fheidhmiú. Déantar measúnú ar na rioscaí sin ar bhonn rialta agus d'fhéadfadh go mbeidís bainteach le roinnt foinsí éagsúla inmheánacha nó seachtracha, agus iad seo a leanas san áireamh: cliseadh rialaithe, fadhbanna sna córais faisnéise, iomaíocht, catastrófa nádúrtha agus ceanglais rialála.

Tá próiseas athbhreithnithe agus ceardlann ar rioscaí corparáideacha ar bun a chuireann cuntas freagrachta i gcáipéisí ar fáil. Tá na nósanna imeachta seo ábhartha ar fud oibríochtaí an IAA agus fágann siad gur féidir dearbhuithe leantacha a thabhairt ag leibhéal níos airde den lucht bainistíochta agus, ar deireadh, don bhord. Tá an próiseas seo á éascú ag iniúchadh inmheánach, rud a thugann méid dearbhaithe maidir le hoibríocht agus le bailíocht an chórais rialaithe inmheánaigh. Déantar faireachán neamhspleách ar aon ghníomhartha ceartaitheacha atá beartaithe ionas gur féidir iad a chur i gcrích ar bhealach tráthúil.

Tuairiscíonn an lucht bainistíochta go rialta don choiste iniúchóireachta ar a athbhreithniú ar rioscaí móra agus ar an dóigh a ndéileáiltear leis na rioscaí sin, toisc gurb é ról an choiste athbhreithniú a dhéanamh, thar ceann an bhoird, ar na príomhrioscaí, nach rioscaí sábháilteachta iad, a d'fhéadfadh tarlú sa ghnó agus ar an gcóras rialaithe atá riachtanach chun rioscaí den sórt sin a bhainistiú agus a dtorthaí a chur faoi bhráid an bhoird. Déanann an t-iniúchadh inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na nósanna imeachta chun rioscaí a aithint agus ar na próisis rialaithe a chuireann an lucht bainistíochta i bhfeidhm, agus tuairiscíonn sí don choiste iniúchóireachta ar bhonn ráithiúil. Déanann an coiste iniúchóireachta athbhreithniú ar na nósanna imeachta dearbhaithe chun a chinntiú go n-úsáidfeadh meascán oiriúnach de theicnící chun an leibhéal dearbhaithe a éilíonn an bord a bhaint amach. Tugann an coiste iniúchóireachta a thorthaí don bhord ar bhonn ráithiúil nó ar bhonn níos minice nuair a bhíonn gá leis.

Tuairiscíonn an príomhfheidhmeannach don bhord freisin, thar ceann an lucht bainistíochta, ar aon athruithe móra sa ghnó agus sa timpeallacht a mbíonn rioscaí móra ag gabháil leo. Tugann an stiúrthóir airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil don bhord. Nuair a aithnítear réimsí le haghaidh feabhsuithe sa chóras rialaithe inmheánaigh, breithníonn an bord na moltaí a dhéanann an lucht bainistíochta agus an coiste iniúchóireachta.

Ina theannta sin, cuimsíonn córas rialaithe airgeadais inmheánaigh an IAA na rialuithe sin a cuireadh ar bun chun dearbhú réasúnta a thabhairt ar shócmhainní a chosaint in aghaidh úsáid nó caitheamh neamhúdairithe agus ar chuntais chuntasaíochta chearta a choimeád agus ar fhaisnéis sheasmhach airgeadais le haghaidh úsáide laistigh den ghnó nó le haghaidh foilsithe.

Rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, a chlúdaíonn rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca. Tá creat rialaithe láidir i bhfeidhm ag an IAA, rud a chuimsíonn na nithe seo a leanas:

- cód eitice, arna fhaomhadh ag an mbord, a sholáthraíonn treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad
- struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir, agus deighilt chuí dualgas agus teorainneacha údaráis ag gabháil leo
- teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir i leith caiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitil
- córas cuimsitheach tuairiscithe airgeadais, cuntasaíochta, bainistíochta ciste agus breithmheasa tionscadail
- córais chuimsitheacha bhuiséadaithe, agus buiséid bhliantúla arna bhfaomhadh ag an mbord
- faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne buiséad, agus an fheidhmíocht sin a thuairisciú don bhord ar bhonn míosúil
- feidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar na príomhchórais agus na príomhrialuithe airgeadais agus ar oibríochtaí ginearálta
- coiste iniúchóireachta a fhaomhann pleananna iniúchta, a dhéileálann le ceisteanna tábhachtacha rialaithe a ardaíonn an t-iniúchadh inmheánach nó an t-iniúchadh seachtrach, agus a mholann na ráitis airgeadais ag deireadh na bliana don bhord lena fhaomhadh
- beartais agus nósanna imeachta chun gníomhaíochtaí amhrasta calaoiseacha a thuairisciú agus a réiteach.

Gnóthas leantach

Tar éis dóibh fiosruithe a dhéanamh, creideann na stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an IAA chun dul ar aghaidh don am atá le teacht agus go bhfuil sé cuí leanúint ar aghaidh le glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh in ullmhú na ráiteas airgeadais.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ *ar lean*

Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí gur chomhlíon siad ceanglais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, i leith leabhair chuntais trí phearsanra cuntasaíochta a bhfuil an saineolas cuí aige a fhostú agus trí dhóthain foinsí a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais an IAA ag The Times Building, 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

Íoc pras cuntas

Comhlíonann an IAA ceanglais na reachtaíochta um íoc pras cuntas. Cloíonn an IAA le Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013 (I.R. Uimh. 580 de 2013).

Is iad téarmaí caighdeánacha creidmheasa an IAA, mura bhfuil a mhalairt sainithe i socruithe conartha ar leith, ná 30 lá ón sonrasc a fháil nó ó dhaingniú a fháil gur glacadh le hearraí nó le seirbhísí atá faoi réir íocaíochta. Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014, rinneadh a bheag nó a mhór gach íocaíocht laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa. Déanann an IAA athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú le híoslaghú a dhéanamh ar an am a thógtar le sonraisc a fhiosrú agus a réiteach. Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha na rialachán.

Eachtraí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

An 27 Márta 2015, mhol an bord go n-íocfaí díbhinn €6.5 milliún (€0.37 in aghaidh na scaire) don bhliain 2014.

An tAcht Toghcháin, 1997

Ní dhearna an IAA aon síntiúis pholaitíochta le linn na bliana nó le linn na bliana roimhe sin.

Iníúcháir

Chuir an t-iníúcháir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh in oifig i gcomhréir le hAlt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird:

Anne Nolan
Cathaoirleach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

27 Márta 2015



RÁITEAS FAOI CHÚRAIMÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus as na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an dlí agus na rialacháin is infheidhme.

Éilíonn dlí na cuideachta ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh na stiúrthóirí ráitis airgeadais an IAA a ullmhú i gcomhréir le Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, a chuimsíonn dlí infheidhme na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilítear de réir an dlí go gcuireann ráitis airgeadais an IAA léargas cóir ar staid airgeadais agus fheidhmíocht airgeadais an IAA. Déantar foráil in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, i dtaca le ráitis airgeadais den chineál sin gur tagairtí sa chuid ábhartha den Acht do léargas fírinneach cóir á thabhairt ag ráitis airgead iad tagairtí dá léiriú cóir a bhaint amach. Éilítear, de réir an dlí, ar na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir a thabhairt ar staid chúrsaí an IAA agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an IAA don bhliain sin.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochtá sna ráitis airgeadais; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a thiomhdiú go leanfaidh an IAA ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chúí a choimeád ina nochtar staid airgeadais an IAA ag am ar bith agus ina gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais seo Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as aon bheart atá ar fáil go réasúnta dóibh a dhéanamh chun sócmhainní an IAA a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

Tá na stiúrthóirí freagrach as caomhnú agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais a fholaítear ar shuíomh Gréasáin an IAA. D'fhéadfadh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann trína rialaítear ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird:

Anne Nolan
Cathaoirleach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

27 Márta 2015

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH LE BAILL ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA HÉIREANN

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais (“ráitis airgeadais”) Údarás Eitlíochta na hÉireann (“IAA” don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 a chuimsíonn an cuntas brabúis agus cailteanais, an ráiteas faoi na gnóthachain agus na cailteanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfeidhmiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn).

Tá an tuarascáil seo déanta do bhail an IAA amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d’Acht na gCuideachtaí, 1990. Thugamar faoinár n-iniúchadh le gur féidir linn a chur in iúl do chomhaltaí na cuideachta na cúrsaí atá de dhualgas orainn a chur in iúl i dtuarascáil iniúchóra, agus ní ar chúis ar bith eile. Chomh hiomlán is atá ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht le haon duine seachas an IAA agus bail an IAA mar chomhlacht as ár gcuid obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá cruthaithe againn.

Cúraimí na stiúirthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Mar a mhínítear níos mine sa Ráiteas faoi Chúraimí na Stiúirthóirí ar leathanach 25, tá na stiúirthóirí freagrach as ráitis airgeadais a thugann léargas fóircheart a ullmhú. Is é an dualgas atá orainn ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a chur in iúl de réir dhlí na hÉireann agus de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaítear leis na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticíúla d’Iniúchóirí de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaos nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú ar: cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d’imthosca na cuideachta agus cé acu a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go seasta agus cé acu a nochtadh nó nár nochtadh iad go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinne na stiúirthóirí; agus cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir sa tuarascáil bhliantúil chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainiú agus chun sainiú a dhéanamh ar aon fhaisnéis atá mícheart go hábhartha de réir dealraimh bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaíomar le linn an t-iniúchadh a dhéanamh nó ar aon fhaisnéis atá neamhréireach go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Má thagaimid ar an eolas faoi mhíríteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith breathnaímid ar na himpleachtaí a bheidh i gceist dár dtuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim:

- go dtugtar léargas fóircheart sna ráitis airgeadais, i gcomhréir le Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí an IAA amháin an 31 Nollaig 2014 agus ar a bhrabús don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart i gcomhréir le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

Ábhair a éilítear orainn a thuairisciú le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach d'aidhmeanna ár n-iniúchta faighte againn.

Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais agus, inár dtuairim, tá leabhair chuntais chearta coimeádta ag an IAA.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní an IAA, mar a luaitear sa chlár comhardaithe, níos mó ná leathchuid den méid scairchaipitil ghlaoite agus, is é ár dtuairim, ar an mbonn sin, nach raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig 2014 lena raibh gá le cruinniú neamhghnách an IAA a thionól faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

Ábhair a éilítear orainn a thuairisciú trí eisceacht

Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Faoi fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, éilítear orainn tuairisciú daoibh má tharlaíonn sé, inár dtuairim, nach ndearnadh an nochtadh i leith luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a shonraítear le dlí.
- Faoi gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), éilítear orainn tuairisciú daoibh mura léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a éilítear faoi gCód, mar atá san áireamh i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 22 agus 23, gur chloígh an IAA le mír 13.1 (iii) den Chód nó mura bhfuil sé i gcomhréir leis an bhfaisnéis faoina bhfuilimid ar an eolas ónár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Caroline Flynn

le haghaidh agus thar ceann

KPMG

Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchta Reachtúil

1 Plás an Stócaigh

Faiche Stiabhna

Baile Átha Cliath 2

Éire

27 Márta 2015

RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Comhlacht príobháideach teoranta a bunaíodh faoin Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann, 1993, (“an tAcht um IAA”) agus atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, is ea Údarás Eitlíochta na hÉireann (“IAA”). Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an IAA.

Bonn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, faoin dlí is infheidhme agus faoin gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, a chuimsíonn comhlíonadh chaighdeán tuairiscithe airgeadais na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais, arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Gabháil treise ar an léargas fórcheart

Tá Éire páirteach i gcomhaontú iltaobhach (EUROCONTROL) a bhaineann le bailiú táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach. Faoi Alt 47 den Acht um IAA, comhlíonann an IAA an fheidhm sin thar ceann an Stáit. Déantar difríochtaí in ioncam agus i gcostais a thagann as riosca méide tráchta agus as comhroinnt riosca costais a aisghabháil ó úsáideoirí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach nó a aisíoc le húsáideoirí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach trí na táillí a leasú i mblianta níos déanaí.

Is i bprionsabail EUROCONTROL maidir le muirearú agus i Rialacháin an CE maidir le Muirearú a shainítear na costais atá le cur san áireamh de réir chomhaontú EUROCONTROL ar bhealach a chuimsíonn gach ceann de na híocaíochtaí airgid a rinneadh le cistí pinsin. Dá réir sin, chinn na Stiúrthóirí go bhfuil sé cuí gach íocaíocht airgid a dhéantar le ciste pinsin an IAA a chuimsiú i gcostais oibriúcháin, in éineacht leis an táille pinsin a chinntear de réir FRS 17 “Sochair Scoir”, agus creidmheas fritháirimh a thuairisciú sa ráiteas faoi na gnóthachain agus na cailteanais aitheanta iomlána (“STRGL”), ar mhaithe le léargas fórcheart a thabhairt ar a thorthaí agus ar staid a ghnóthaí. Tugtar tuilleadh sonraí faoi thionchar an chleachtais chuntasaíochta sin sa bheartas cuntasaíochta pinsin ar leathanach 30.

Láimhdeachas

Seasann láimhdeachas do na suimeanna a fuarthas, agus atá infhaighte, i ndáil le seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí, in éineacht le táillí a fuarthas i ndáil le feidhmeanna rialála reachtúla a comhlíonadh nuair a bhíodhas i mbun ceanglais rialála sábháilteachta.

Ioncam faoi bhealach agus críochfoirt

Mar a shonraítear thuas, tá an IAA i dteideal na difríochtaí idir ioncam agus costais a bhaineann le táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach a aisghabháil nuair a thagann na difríochtaí sin as riosca méide tráchta agus as comhroinnt riosca costais. Déantar soláthar do na difríochtaí a thagann chun cinn i gcuntas ioncaim fhabhráithe/iarchurtha agus coigeartaítear iad i gcoinne ioncaim a thagann as gníomhaíocht faoi bhealach. Déantar ioncam ó tháillí loingseoireachta críochfoirt, a bhaineann le seirbhísí druidime, tuirlingthe agus imeachta, a mhíniú ar bhealach den chineál céanna. Fabhraítear méideanna i láimhdeachas agus aithnítear iad mar nithe infhaighte nó mar nithe iníoctha sa chlár comhardaithe.

Ioncam iarchurtha

Aithníonn an IAA ioncam le haghaidh deimhniú aeracmhainneachta ar an táille bhliantúil ar aerárthaí atá lonnaithe san AE ar aon dul lena oibleagáidí feidhmíochta ar bhonn líne díri thar thréimhse dhá mhí dhéag.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas, lúide dímheas carntha. Déantar dímheas chun an costas a bhaineann le gach sócmhainn sheasta a dhíscríobh, lena n-áirítear trealamh a ceannaíodh mar chuid de shuiteáil, a ríomh ar bhonn líne díri thar a saol ionchais úsáideach, ag na rátaí bliantúla seo a leanas:

Foirgnimh	5%
Suiteálacha críochnaithe agus oibreacha eile	8 $\frac{1}{3}$ % – 12 $\frac{1}{2}$ %
Trealamh oifige	20% – 33 $\frac{1}{3}$ %

Déantar dímheas ar shócmhainní ón dáta a shanntar iad le haghaidh oibre. Déantar sócmhainní i mbun tógála/suiteálacha idir lámha a iompar ar chostas stairiúil agus ní dhéantar iad a dhímheas go dtí go gcuirtear chun feidhme iad. De réir FRS 11 'Bearnú Sócmhainní Seasta agus Cáilmheasa', déantar athbhreithniú ar mhéideanna coinneála sócmhainní seasta inláimhsithe an IAA ag gach dáta tuairiscithe chun a chinntiú cé acu atá aon léiriú ar bhearnú nó nach bhfuil.

Sócmhainní seasta airgeadais

Is é is comhfhiontar ann ná infheistíocht in aonán a bhfuil leas fadtéarmach ag an IAA ann agus atá faoi chomhrialú ag an IAA agus ag páirtí amháin nó níos mó faoi shocraíocht chonarhach.

Déileáiltear le hinfeistíochtaí i gcomhfhiontair mar shócmhainní seasta airgeadais sa chlár chomhardaithe. Luacháiltear iad de réir costais, arna choigeartú ag athruithe ina dhiaidh sin i sciar an IAA i nglansócmhainní an chomhfhiontair, lúide liúntas i gcomhair aon laghdaithe i luach na n-infheistíochtaí ar leith.

Taifeadtar sócmhainní seasta airgeadais eile ar a gcostas lúide aon liúntas le haghaidh bearnú luacha.

Sócmhainní léasaithe

Gearrtar costas ar chíosanna léasa oibriúcháin de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhse na léasanna.

Airgeadraí eachtracha

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtracha go euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart nó ag ráta conraithe. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíocha a ainmníodh in airgeadraí eachtracha go euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Déileáiltear leis na brabúis agus na cailteanais a leanann astu sa bhrabús don bhliain.

Cánachas

Déantar soláthar do cháin chorparáideach ar an mbrabús don bhliain ag na rátaí reatha. Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainithe go léir a tháinig chun cinn, agus nár aisiompaíodh iad, ag dáta an chláir chomhardaithe. Déantar soláthar ag na rátaí a cheaptar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompófar na difríochtaí uainithe. Is é is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabúis inchánaithe an IAA agus a thorthaí, mar a luaitear sna ráitis airgeadais, a éiríonn ó ghnóthachain agus ó chailteanais a chur san áireamh i mbrabúis inchánaithe i dtréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar gur ní in-aisghabhála í glánsócmhainn chánach iarchurtha. Dá bhrí sin, ní aithnítear í ach amháin nuair is féidir a mheas, ar bhonn na fianaise infhaighte ar fad, go bhfuil sé níos dóichí ná a mhalairt go mbeidh brabúis inchánaithe oiriúnacha ann ar féidir aisiompú amach anseo na ndifríochtaí bunúsacha uainithe a bhaint astu.

RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA *ar lean*

Costais phinsin

Cuireann an IAA pinsin ar fáil dá fhostaithe faoi cheithre scéim aoisliúntais. Tá trí cinn de na scéimeanna sin ina scéimeanna sochair shainithe, is iad sin: “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996” – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta roimh an 1 Aibreán 2008; “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008” – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta idir an 1 Aibreán 2008 agus an 31 Nollaig 2011; “Plean Hibrideach Pinsin Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012” do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón 1 Eanáir 2012 ar aghaidh. I gcás na scéimeanna sin, déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dhliteanas na scéime arna meas ag achtúire, a ríomhtar trí mhodh creidmheasa aonaid réamh-mheasta a úsáid, a thuiriscíú mar shócmhainn/dhliteanas ar an gclár comhardaithe, glan ó cháin iarchurtha ghaolmhar (maidir le haon sócmhainn chánach iarchurtha, sa mhéid is go bhfuil sí inaisghabhála).

Is é an méid a ghearrtar ar an gcuntas brabúis agus cailteanais ná iomlán na nithe seo a leanas:

- iomlán chostas na sochar pinsin a ríomhtar go hachtúireach a ghealltar d’fhostaithe i rith na bliana móide aon fheabhsuithe sochair a bhronntar do bhaill i rith na bliana (costas seirbhíse reatha/roimhe),
- iomlán an toraidh mheasta ar shócmhainní na scéime pinsin le linn na bliana agus méadú ar dhliteanais na scéime de bharr leachtú an ráta lascaine – cuirtear méideanna den sórt sin san áireamh i gcostais mhaoinithe, agus
- iomlán na táille breise ar chostais oibriúcháin, ag léiriú na difríochtaí idir an táille phinsin a ríomhtar go hachtúireach (costas seirbhíse reatha/roimhe) atá san áireamh thuas agus na híocaíochtaí iomlána airgid thirim leis an gciste pinsin sa bhliain.

Déantar aon difríochtaí idir an toradh measta ar shócmhainní agus é sin a baineadh amach iarbhir agus aon athruithe ar dhliteanais mar thoradh ar athruithe ar thiomhdí, nó toisc go raibh an taithí i rith na bliana éagsúil leis an taithí mheasta, a aithint mar ghnóthachtain agus chaillteanais achtúireacha sa ráiteas faoi na gnóthachtain agus na cailteanais aitheanta iomlána. Áirítear leis an STRGL fritháireamh arb ionann é agus an táille phinsin bhreise, a thuiriscítear in alt (c) thuas, a mheastar a bheith aisghafa faoi fhorálacha chomhaontú EUROCONTROL mar a thuiriscítear ar leathanach 28.

Mar sin, imíonn an IAA ó cheanglais FRS 17 i dtreo is go léiríonn na torthaí léargas fíorcheart agus go gclóinn siad le ceanglais na gcomhaontuithe faoina rialaítear a chuid oibríochtaí. Is é tionchar an imeachta sin ná an costas seirbhíse a ríomhadh go hachtúireach a mhéadú faoi €16,169,000 (2013: €17,596,000) d’aisghabháil faoin meicníocht chothromaithe sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014, agus chun creidmheas fritháirimh san STRGL a thairfeadh, rud a choinníonn cúlchistí brabúis agus cailteanais agus glansócmhainní an IAA i gcomhréir le ceanglais FRS 17.

Chomh maith leis sin, feidhmíonn an IAA scéim pinsin ranníocaíochta sainithe: “Plean Pinsin Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012” – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón 1 Eanáir 2012. Is ionann an méid a ghearrtar ar an gcuntas brabúis agus cailteanais agus na ranníocaíochtaí is iníochta leis an scéim i leith na bliana 2014.

Ráiteas faoi shreabhadh airgid

Is é is airgead tirim ann, i gcás an ráitis faoin sreabhadh airgid, airgead atá coimeádta ag an mbanc agus atá le fáil ar éileamh.

Is éard atá in acmhainní leachtacha (nach airgead iad) ná taiscí seasta bainc a bhfuil aibíochtaí de níos mó ná lá amháin acu. Is féidir na taiscí seo a thiontú go héasca ina méideanna airgid ar eolas.

CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

		2014	2014	2014	2013
	Nótaí	Roimh Mhír Eisceachtúil €'000	Mír Eisceachtúil €'000	lomlán €'000	lomlán €'000
Láimhdeachas – gníomhaíochtaí leantacha	1	177,475	-	177,475	173,583
Costais oibriúcháin		(147,764)	-	(147,764)	(147,860)
Creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe	2	-	102,000	102,000	-
Brabús oibriúcháin – gníomhaíochtaí leantacha		29,711	102,000	131,711	25,723
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	3	1,478	-	1,478	302
Ús iníoctha agus táillí comhchosúla	4	(289)	-	(289)	(90)
Glanhostas airgeadais	5	(3,575)	-	(3,575)	(4,589)
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	6	27,325	102,000	129,325	21,346
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	7	(5,540)	(12,750)	(18,290)	(5,235)
Brabús don bhliain airgeadais	23	21,785	89,250	111,035	16,111

Thar ceann an bhoird:

Anne Nolan
Cathaoirleach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS FAOI NA GNÓTHACHAIN AGUS NA CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014 €'000	2013 €'000
Brabús don bhliain airgeadais	23	111,035	16,111
<i>Coigeartuithe i ndáil le scéimeanna sochair shainithe:</i>			
Gnóthachain achtúireacha ar shócmhainní an phlean	22	36,335	11,092
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime	22	13,698	(18,898)
Tionchar na n-athruithe ar thiomhdí achtúireacha	22	(186,001)	10,243
		(135,968)	2,437
Sócmhainn chánach/(dliteanas cánach) iarchurtha choibhneasach	14 (ii)	16,996	(305)
Airgead tirim ar bharrachas costais phinsin	2	16,169	17,596
Gnóthachain aitheanta iomlána don bhliain airgeadais	24	8,232	35,839

CLÁR COMHARDAITHE

ag an 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014 €'000	2013 €'000
Sócmhainní			
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8	79,003	85,718
Sócmhainní airgeadais	9	11,933	739
		90,936	86,457
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	10	37,989	33,741
Airgead sa bhanc agus ar láimh		126,238	106,157
		164,227	139,898
Sócmhainní iomlána		255,163	226,355
Cothromas agus dliteanais			
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	15	22,675	22,675
Cuntas brabúis agus cailteanais	23	61,311	57,912
Cistí na scairshealbhóirí – cothromas	24	83,986	80,587
Dlíteanais neamhreatha			
Creidiúnaithe: méid a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	13	6,541	-
Dlíteanas pinsin, glan ó cháin	22	133,548	114,351
Soláthairtí do dhlíteanais agus do tháillí	14	-	148
Dlíteanais reatha			
Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	11	31,088	31,269
Cothromas iomlán agus dlíteanais iomlána		255,163	226,355

Thar ceann an bhoird:

Anne Nolan
Cathaoirleach

Eamonn Brennan
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014 €'000	2013 €'000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(féach thíos)	46,434	35,383
Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh airgeadais	17	1,094	104
Glanchánachas íochta		(3,984)	(3,994)
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	17	(7,436)	(9,046)
Ceannacháin agus diúscairtí	17	(11,194)	(739)
Díbhinní cothromais íochta	16	(4,833)	(5,015)
Méadú ar airgead tirim sa bhliain	18	20,081	16,693

Réiteach brabúis oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2014 €'000	2013 €'000
Brabús oibriúcháin	131,711	25,723
Creidmheasanna pinsin neamhairgid	(102,000)	-
Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe	14,929	15,770
Méadú i bhféichiúnaithe	(3,753)	(2,704)
Méadú/(laghdú) i gcreidiúnaithe	5,547	(3,406)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	46,434	35,383

NÓTAÍ

mar chuid de na ráitis airgeadais

1. Láimhdeachas

	2014	2013
	€'000	€'000
Gníomhaíocht		
Traseitilt faoi Bhealach	112,079	115,477
Gníomhaíocht Criochfoirt	21,135	21,379
North Atlantic communications	18,442	18,028
Rialáil sábháilteachta	19,670	16,051
Aerthrácht saor	1,652	1,552
Gníomhaíocht tráchtála	4,497	1,096
	177,475	173,583

Tagann láimhdeachas an IAA go príomha ó sheirbhísí a bhaineann le heitlíocht agus ó fheidhmeanna reachtúla a chomhlíontar i bPoblacht na hÉireann.

2. Líon agus costais foirne

Ba mar seo a leanas a bhí meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an IAA le linn na bliana, stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh, agus é anailísithe de réir catagóire:

	2014	2013
Oibríochtaí	432	437
Teicneolaíocht agus oiliúint	68	73
Rialáil sábháilteachta	92	93
Airgeadas, acmhainní daonna, gnóthaí corparáideacha agus eile	57	56
Iomlán na bhfostaithe	649	659
Stiúrthóirí aerthrachta faoi oiliúint	20	18

NÓTAÍ *ar lean*

2. Líon agus costais foirne (*ar lean*)

	2014	2013
Ba mar seo a leanas a bhí costais phárolla chomhiomlána na ndaoine sin:	€'000	€'000
Pá agus tuarastail	59,131	60,290
Costais leasa shóisialaigh	4,298	4,069
Costais phinsin – costas seirbhíse reatha (nóta 22)	7,453	7,502
Costais phinsin – costas seirbhíse roimhe (nóta 22)	(2,404)	(2,389)
Costais phinsin – ranníocaíocht shainithe (nóta 22)	30	13
Costais phinsin – costas seirbhíse breise (nóta 22)	16,169	17,596
Costais eile iarfhostaíochta (nóta 22)	510	563
	85,187	87,644
Mar aon leis an méid thuas:		
Costais phinsin – creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe (nóta 22)*	(102,000)	-

*Tagann an creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe as athrú ar thiomhde ráta an mhéadaithe pinsin. De bharr na staide easnaimh reatha a bhaineann le scéimeanna pinsin sochair shainithe 1996 agus 2008, ní dheonófar aon mhéadú breise ar phinsin atá iníoctha le héifeacht ón 1 Eanáir 2015.

Cuireadh stiúirtheoirí aerthráchta faoi oiliúint san áireamh sna costais phárolla thuas agus fágadh stiúirtheoirí neamhfheidmhiúcháin ar lár.

3. Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil

	2014	2013
	€'000	€'000
Gnóthachan malairte eachtraí	1,183	-
Ús bainc	149	151
Ús eile	146	151
	1,478	302

4. Ús iníoctha agus táillí comhchosúla

	2014	2013
	€'000	€'000
Ar iasachtaí bainc agus ar rótharraingtí	289	90
	289	90

5. Glanchostas airgeadais

	2014 €'000	2013 €'000
Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean (nóta 22)	17,359	16,678
Ús ar dhliteanais an phlean (nóta 22)	(20,934)	(21,267)
	(3,575)	(4,589)

6. Faisnéis reachtúil agus eile

Luach saothair na stiúrthóirí

Táillí a íocadh le stiúrthóirí	2014 €'000	2013 €'000
Anne Nolan Uasal, <i>Cathaoirleach</i>	22	22
An tUasal Eamonn Brennan, <i>Príomhfheidhmeannach</i> ^(a)	-	-
Marie Bradley Uasal	6	-
Lorraine Burke Uasal	-	12
An tUasal Pat Dalton	-	3
An tUasal Ernie Donnelly ^(b)	-	-
An tUasal Pascal Fitzgerald	5	-
An tUasal Basil Geoghegan	13	8
An Dr Rosheen McGuckian	-	12
An tUasal Michael Norton	13	13
An tUasal Geoffrey O'Byrne-White	12	13
An tUasal Kevin O'Driscoll	13	3
	84	86

(a) Rinne an príomhfheidhmeannach na táillí boird a bhí dlite dó ó mhí na Nollag 2011 a tharscaoileadh go deonach.

(b) Agus é ina fhostaí earnála poiblí, ní bhfaigheann an tUasal Ernie Donnelly táillí boird.

Ar an gcomhiomlán, aisíocadh costais €1,291 san iomlán le stiúrthóirí le linn 2014 (2013: €3,966).

NÓTAÍ *ar lean*

6. Faisnéis reachtúil agus eile (*ar lean*)

	2014 €'000	2013 €'000
Luachanna saothair agus ranníocaíochtaí pinsin a bhaineann le Conradh Fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh		
- tuarastal bunúsach bliantúil	232	232
- luach saothair a bhaineann le feidhmíocht sa bhliain roimhe	-	-
- sochair inchánaithe eile	62	41
- ranníocaíochtaí pinsin	50	79
	344	352

Rinne an príomhfheidhmeannach 10% dá thuarastal oifigiúil do gach bliain idir 2009 agus 2014 agus na táillí boird a bhí dlite dó ó mhí na Nollag 2011 a tharscaoileadh go deonach. Tá scéim pá a bhaineann le feidhmíocht arna faomhadh ag an Roinn Airgeadais i bhfeidhm ag an IAA do gach príomhfheidhmeannach de chuid comhlachtaí tráchtála stat-tionscanta, scéim a dhéanann soláthar do ghné pá fhadtéarmach agus ghearrtéarmach a bhaineann le feidhmíocht bunaithe ar chuspóirí réamh-chomhaontaithe. Níor íocadh aon phá a bhain le feidhmíocht leis an bpríomhfheidhmeannach do na blianta idir 2010 - 2014.

	2014 €'000	2013 €'000
Luach saothair an iniúcháir		
- iniúchadh	50	50
- dearbhú eile	20	21
- seirbhísí comhairleacha cánach	8	8
- táillí eile nach mbaineann le hiniúchadh	95	290

	2014 €'000	2013 €'000
Dímheas	14,929	15,770
Táillí Met Éireann	8,098	8,176
Cíosanna iníochta faoi léasanna oibriúcháin — foirgnimh	979	3,553
Cíosanna iníochta faoi léasanna oibriúcháin — eile	106	114

7. Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí

	2014 €'000	2013 €'000
Cánachas corparáide	4,389	3,634
(Sochar)/táille cánach iarchurtha (nóta 14):		
- Bunús agus aisiompú difríochtaí uainithe pinsin ar déileáladh leo sa chuntas brabúis agus cailleanais	14,324	1,625
- Bunús agus aisiompú difríochtaí uainithe eile	(423)	(24)
	18,290	5,235

Réiteach cánach reatha

Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	129,325	21,346
Cáin reatha ionchais ag 12.5% (2013: 12.5%)	16,166	2,668
Éifeachtaí na nithe seo a leanas:		
- (Creidmheasanna)/costais nach féidir a bhaint chun críocha cánach*	(11,957)	847
- Liúntais chaipitil ar bharrachas dímheasa	72	(31)
- Ioncam nach féidir cáin a ghearradh air ag an ráta caighdeánach	110	149
- Difríochtaí uainithe eile	(2)	1
Táille chánach reatha iomlán	4,389	3,634

*Dá mbaineann (€12,750,000) le creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe.

NÓTAÍ *ar lean*

8. Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Foirgnimh €'000	Suiteálacha críochnaithe agus oibreacha eile €'000	Suiteálacha ar siúl €'000	Trealamh oifige €'000	Iomlán €'000
Costas					
Ag tús na bliana	30,464	130,870	12,719	7,146	181,199
Breiseanna sa bhliain	–	139	7,454	621	8,214
Tugtha in úsáid sa bhliain	–	4,639	(5,092)	453	–
Diúscairtí sa bhliain	–	–	–	(102)	(102)
Ag deireadh na bliana	30,464	135,648	15,081	8,118	189,311
Dímheas carntha					
Ag tús na bliana	14,701	75,605	–	5,175	95,481
Táille sa bhliain	1,523	12,485	–	921	14,929
Diúscairtí sa bhliain	–	–	–	(102)	(102)
Ag deireadh na bliana	16,224	88,090	–	5,994	110,308
Ag an 31 Nollaig 2014	14,240	47,558	15,081	2,124	79,003
Ag an 31 Nollaig 2013	15,763	55,265	12,719	1,971	85,718

9. Sócmhainní seasta airgeadais

	2014 €'000	2013 €'000
Leas i gcomhfhiontar, de réir costais	739	739
Sócmhainní airgeadais eile	11,194	–
	11,933	739

Tá leas 25% ag an IAA in Entry Point North AB, ar cuideachta a sholáthraíonn réitigh oiliúna bainistíochta aerthráchta é. Ceannaíodh an leas sin an 20 Nollaig 2013.

Le linn na bliana 2014, d'infheistigh an IAA US\$15.3 milliún (€11.2 milliún) isteach i gcaipiteal cothromais Aireon LLC, ar cuideachta í atá ag forbairt córais dhomhanda spásbhunaithe um fhaireachas aerthráchta. Is ionann infheistíocht an IAA in Aireon LLC agus 3.125% de chothromas Aireon LLC. Méadóidh an úinéireacht chéatadánach sin go 6% faoin mbliain 2017 trí shraith infheistíochtaí sceidealaithe breise atá cothrom le US\$14.0 milliún.

10. Féichiúnaithe

	2014	2013
	€'000	€'000
Féichiúnaithe trádála	32,094	26,163
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	4,843	6,712
Féichiúnaithe eile	144	376
Cáin bhreisluacha	633	374
Cáin chorparáide infhaighte	-	116
Sócmhainn chánach iarchurtha	275	-
	37,989	33,741

Tá féichiúnaithe dlíte laistigh de bhliain amháin, ach amháin i gcás €256,000 (2013: €463,000) a bhaineann le hioncam fabhráithe atá le haisghabháil ó tháillí ar thraseiltí faoi bhealach agus ó tháillí críochfoirt don bhliain 2016.

11. Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlíte laistigh de bhliain amháin

	2014	2013
	€'000	€'000
Creidiúnaithe trádála	2,512	1,609
Creidiúnaithe eile, cáin agus leas sóisialach san áireamh (nóta 12)	2,195	20
Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	26,381	29,640
	31,088	31,269

12. Cánachas agus leas sóisialach curtha san áireamh i gcreidiúnaithe eile

	2014	2013
	€'000	€'000
ÍMAT/ÁSPC	1,906	20
Cáin chorparáide	289	-
	2,195	20

13. Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlíte tar éis níos mó ná bliain amháin

	2014	2013
	€'000	€'000
Ioncam iarchurtha	6,541	-
	6,541	-

NÓTAÍ *ar lean*

14. (Sócmhainn)/dliteanais chánach iarchurtha

	Tag	2014 €'000	2013 €'000
Cánachas iarchurtha — seachas é sin a bhí bainteach le pinsean	(i)	(275)	148
Cánachas iarchurtha — bainteach le pinsean	(ii)	(18,930)	(16,258)
		(19,205)	(16,110)
Lúide cánachas iarchurtha atá san áireamh i ndlíteanas pinsin		18,930	16,258
Cánachas iarchurtha iomlán — seachas é sin a bhí bainteach le pinsean		(275)	148
(i) Cánachas iarchurtha — seachas é sin a bhí bainteach le pinsean			
Ag tús na bliana		148	172
Curtha chun sochair an chuntais bhrabúis agus chailteanais (nóta 7)		(423)	(24)
Ag deireadh na bliana		(275)	148

Is ionann an tsócmhainn chánach iarchur ag deireadh na bliana agus an dlíteanas iomlán féideartha a d'eascair ó dhifríochtaí uainithe idir liúntais chaipitil agus dímhéas agus ó sholáthairtí ginearálta.

(ii) Cánachas iarchurtha — bainteach le pinsean

	2014 €'000	2013 €'000
Ag tús na bliana	(16,258)	(18,188)
Athruithe i dtoimhdí achtúireacha	(16,996)	305
Gearrtha ar an gcuntas brabúis agus cailteanais (nóta 7)	14,324	1,625
Ag deireadh na bliana	(18,930)	(16,258)

15. Scairchaipiteal glaoite — cothromas

	2014	2013
	€'000	€'000
Údaraithe, leithdháilte, glaoite agus íochta go hiomlán		
17,858,000 gnáthscair ag €1.27 an ceann	22,675	22,675

16. Díbhinní cothromais íochta

	2014	2013
	€'000	€'000
Dearbhaithe agus íochta le linn na bliana:		
Díbhinn deiridh do 2013: €0.27 in aghaidh na scaire (2012: €0.17 in aghaidh na scaire)	(4,833)	(3,015)
Díbhinn speisialta do 2013: €Nialas (2012: €0.11 in aghaidh na scaire)	-	(2,000)
	(4,833)	(5,015)

17. Ollsreafaí airgid

	2014	2013
	€'000	€'000
Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh airgeadais		
Gnóthachan malairte eachtraí	1,183	-
Ús íochta	(289)	(79)
Ús faighte	200	183
	1,094	104

	2014	2013
	€'000	€'000
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais		
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	(7,436)	(9,046)
	(7,436)	(9,046)

	2014	2013
	€'000	€'000
Ceannacháin agus diúscairtí		
Íocaíochtaí chun leas a fháil i sócmhainn airgeadais/comhfhiontar	(11,194)	(739)
	(11,194)	(739)

NÓTAÍ *ar lean*

18. Réiteach glansreafa airgid thirim le gluaiseacht sna glanchistí

	2014 €'000	2013 €'000
Méadú ar airgead tirim sa bhliain	20,081	16,693
Glanchistí ag tús na bliana	106,157	89,464
Glanchistí ag deireadh na bliana	126,238	106,157

Anailís ar ghlanchistí	Ag an 1 Eanáir 2014 €'000	Sreabhadh airgid €'000	Ag an 31 Nollaig 2014 €'000
Airgead sa bhanc agus ar láimh	106,157	20,081	126,238

19. Páirtithe gaolmhara

Cosúil le mórán comhlachtaí rialtais eile, déileálann an IAA le comhlachtaí agus ranna rialtais eile sa ghnáthchúrsa gnó, amhail Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt, Údarás Aerfort na Sionainne teo., Bord Soláthair an Leictreachais (“BSL”), an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Met Éireann. Ina theannta sin, sa ghnáthchúrsa gnó, bíonn bearta ar bun ag an IAA le bainc Éireannacha ar leith atá faoi úinéireacht iomlán nó faoi pháirtúinéireacht Stát na hÉireann. Is de réir gnáth-théarmaí tráchtála a dhéantar gach ceann de bhearta an IAA le bainc den sórt sin.

Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an páirtí rialaithe deiridh.

In 2014, chuaigh an IAA isteach i socrú tráchtála chun seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta a chur ar fáil do Entry Point North Ireland Ltd, ar cuideachta faoi úinéireacht iomlán Entry Point North (EPN) AB é. Chomh maith leis sin, cuireann Entry Point North Ireland Ltd seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta ar fáil don IAA ar neamhthuilleamaí. Le linn na bliana, thuill an IAA ioncam €3.6 milliún agus thabhaigh sé costais €6.4 milliún in idirbhearta le Entry Point North Ireland Ltd. Amhail an 31 Nollaig 2014, tá glan-iarmhéid iníoctha le Entry Point North Ireland Ltd atá cothrom le €1.2 milliún.

20. Ceangaltais

(i) Ceangaltais chaipítíl

	2014 €'000	2013 €'000
Caiteachas caipítíl ceadaithe ag na stiúrthóirí:		
Caiteachas caipítíl nach ndearnadh conradh ina leith	38,964	24,552
Caiteachas caipítíl a ndearnadh conradh ina leith	6,406	6,906
	45,370	31,458

(ii) Ceangaltais léasa oibriúcháin

	2014 €'000		2013 €'000	
	Foirgnimh	Mótarfheithiclí	Foirgnimh	Mótarfheithiclí
Ag dul in éag:				
Laistigh de bhliain amháin	–	17	–	–
Idir bliain amháin agus dhá bhliain	–	67	–	23
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	101	28	101	83
Níos mó ná cúig bliana	3,344	–	3,266	–
	3,445	112	3,367	106

21. Dlíteanais theagmhasacha

Tá éileamh gan íoc amháin a bhaineann le pá comhionann, a tionscnaíodh i 1998, ag an IAA ó cheardchumann atá ag feidhmiú ar son baill foirne cléireachais. Tá an t-éileamh sin á bhreathnú ag an gCúirt Oibreachais agus tá an IAA ina choinne go tréan. Ní féidir cinneadh réasúnta deimhneach a dhéanamh maidir le toradh an phróisis sin agus, dá réir sin, ní féidir toradh an éilimh a mheas. Ní dhéantar soláthar sna ráitis airgeadais seo i leith an éilimh sin.

NÓTAÍ *ar lean*

22. Pinsin

	2014 €'000	2013 €'000
Dliteanas pinsin FRS 17 (féach A thíos)	132,505	113,803
Dliteanas pinsin forlíontach ex-gratia (féach C thíos)	1,043	548
Glandliteanas pinsin, glan ó cháin	133,548	114,351

Is trí dhá scéim pinsin sochair shainithe – “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996” agus “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008” – a mhaoinítear pinsin do gach fostaí buan ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta roimh an 1 Eanáir 2012. Is in iontaobhaithe neamhspleácha a dhílsítear na sócmhainní a ghnóthaítear iontu. Is trí scéim pinsin sochair shainithe – ‘Plean Hibrideach Pinsin Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012’ – a maoínítear pinsin do gach fostaí buan ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta tar éis an 1 Eanáir 2012. Is in iontaobhaithe neamhspleácha a dhílsítear na sócmhainní a ghnóthaítear iontu.

Déanann an IAA luachálacha achtúireacha ar na scéimeanna pinsin sochair shainithe gach trí bliana ar a laghad. Is é dáta na luachála achtúirí deiridh ná an 1 Eanáir 2012 agus clúdaíonn sé sin gach sochar fabhráithe. Ba iad achtúirí cáilithe neamhspleácha a rinne an luacháil sin.

Bhí na luachálacha a úsáideadh do chuspóirí FRS 17 bunaithe ar na luachálacha maoinithe is déanaí do gach scéim arna gcoigeartú ag na hachtúirí neamhspleácha chun ligean d’fhabhrú dliteanas go dtí an 31 Nollaig 2014 agus chun coinníollacha airgeadais ag an dáta sin a chur san áireamh. Críochnaíodh na luachálacha a úsáideadh do chuspóirí FRS 17 trí mhodh an aonaid réamhathriste a úsáid, agus rinneadh luacháil ar shócmhainní don chuspóir seo ar luach margaidh.

Ní ar fáil lena scrúdú poiblí atá na tuarascálacha achtúireacha, ach tá siad ar fáil do bhail na scéimeanna.

Níl aon scéimeanna neamh-mhaoinithe ag an IAA seachas dliteanas forlíontach ex-gratia. Níl aon ranníocaíochtaí gan íoc ná réamhíochta ag deireadh na bliana.



22. Pinsin *(ar lean)*

A. Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996 agus Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008

(i) Príomhthoimhdí achtúireacha

	2014 Aonad Réamh- Mheasta	2013 Aonad Réamh- Mheasta
Meántoimhdí ualaithe chun oibleagáidí sochair a dhearbhú		
Ráta toraidh ionchais ar shócmhainní an phlean	2.25%	4.39%
Aisíoc ionchais ar shócmhainní an phlean ag tús na tréimhse*	4.39%	4.60%
Ráta lascaine	2.25%	4.00%
Ráta an mhéadaithe cúitimh (foirne/foirne sinsearaí)†	1.50%	1.80%
Ráta an bhoilscithe praghsanna	1.50%	1.80%
Ráta an mhéadaithe pinsin †	0.00%	1.80%

* Laghdaíodh an ráta toraidh ionchais ar shócmhainní do 2014 faoi 0.75% chun an tobhach pinsin a íocadh in 2014 a léiriú.

† Is ionann é seo agus an toimhde fhadtéarmach is infheidhme ó 2015 ar aghaidh i leith méaduithe foirne/foirne sinsearaí. Mar thoradh ar staid easnaimh reatha na Scéimeanna, chinn an bord nach ndeonófaí aon mhéaduithe breise ar phinsin atá infíochta faoi na Scéimeanna le héifeacht ón 1 Eanáir 2015 agus chuir sé an méid sin in iúl don fhoireann ar fad agus do gach lontaobhaí pinsin.

Tá na toimhdí a bhaineann le fad na mbundliteanas pinsin tráth dháta an chláir chomhardaithe bunaithe ar na táblaí caighdeánacha mortlaíochta achtúireachta agus áirítear iontu líuntas le haghaidh feabhsuithe amach anseo ar fhad. Is ionann na toimhdí agus a bheith ag súil go mairfeadh duine atá 65 bliain d'aois roinnt blianta, mar seo a leanas:

	2014	2013
Ionchas saoil do bhall fireann ó 65 d'aois ar thábla mortlaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:		
Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha	24.8	24.7
Baill phinsinéara reatha	22.0	21.9
Ionchas saoil do bhall baineann ó 65 d'aois ar thábla mortlaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:		
Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha	25.7	25.7
Baill phinsinéara reatha	23.3	23.3

Roghnaítear na toimhdí arna n-úsáid ag an achtúire ó raon toimhdí achtúireacha féideartha. De bharr an scála ama chláraithe, is féidir nár cruthaíodh iad i gcleachtas.

NÓTAÍ *ar lean*

22. Pinsin *(ar lean)*

(ii) Méideanna atá aitheanta sa chlár comhardaithe

	2014 €'000	2013 €'000
Luach reatha na n-oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt	(602,181)	(522,062)
Luach cóir shócmhainní an phlean	450,746	392,001
Easnamh	(151,435)	(130,061)
Sócmhainn cánach iarchurtha ghaolmhar	18,930	16,258
Glandliteanas	(132,505)	(113,803)

(iii) Gluaiseachtaí i luach cóir shócmhainní an phlean

	2014 €'000	2013 €'000
Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana	392,001	360,886
Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean	17,359	16,678
Gnóthachain achtúireacha ar shócmhainní an phlean	36,335	11,092
Ranníocaíochtaí fostóirí	21,017	22,581
Ranníocaíochtaí ball	3,315	2,836
Sochair arna n-íoc ón bplean	(19,281)	(22,072)
Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana	450,746	392,001

22. Pinsin (ar lean)

(iv) Gluaiseachtaí i luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2014 €'000	2013 €'000
Oibleagáid sochair ag tús na bliana	(522,062)	(506,391)
Costas seirbhíse reatha	(7,252)	(7,374)
Costas seirbhíse roimhe	2,404	2,389
Creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe *	102,000	-
Ús ar dhliteanais an phlean	(20,934)	(21,267)
Ranníocaíochtaí ball	(3,315)	(2,836)
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime	13,698	(18,898)
(Cailteanais)/gnóthachain de bharr athruithe toimhdí achtúireacha	(186,001)	10,243
Sochair arna n-íoc ón bplean	19,281	22,072
Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana	(602,181)	(522,062)

* Tagann an gnóthachan €102 milliún as an athrú i dtuairimí de ráta an mhéadaithe pinsin atá luaite in (i) thuas.

(v) Comhpháirteanna de chostais phinsin

	2014 €'000	2013 €'000
Costas atá aitheanta sa chuntas brabúis agus cailteanais		
Costas seirbhíse reatha	(7,252)	(7,374)
Costas seirbhíse roimhe	2,404	2,389
Creidmheas eisceachtúil seirbhíse roimhe	102,000	-
Costas airgid thirim breise	(16,169)	(17,596)
Ús ar dhliteanais an phlean (nóta 5)	(20,934)	(21,267)
Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean (nóta 5)	17,359	16,678
Costas pinsin iomlán atá aitheanta sa chuntas brabúis agus cailteanais	77,408	(27,170)
Méideanna atá aitheanta sa ráiteas faoi na gnóthachain agus na cailteanais aitheanta iomlána		
(Cailteanais)/gnóthachain achtúireacha atá aitheanta láithreach	(135,968)	2,437
Méid carnach na gcaillteanas achtúireach arna n-aithint láithreach	(301,141)	(165,173)

NÓTAÍ *ar lean*

22. Pinsin (*ar lean*)

(vi) Sócmhainní an Phlean

Na leithdháiltí sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014:

	2014 Céatadán de shócmhainní an phlean	2014 Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean	2013 Céatadán de shócmhainní an phlean	2013 Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean
Urrúis chothromais	50.3%	2.3%	51.2%	6.3%
Urrúis bhannaí	44.8%	2.3%	42.9%	2.2%
Eile	4.9%	2.3%	5.9%	3.9%
	100.0%	2.3%	100.0%	4.4%

Cur síos ar an mbonn chun ráta iomlán toraidh ionchais ar shócmhainní a chinneadh:

Faoin gcaighdeán cuntasaoíochta nua a bhfuil sé beartaithe ag an IAA glacadh leis (FRS 102 - Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann), beidh toimhde an toraidh fhadtéarmaigh ionchais ar shócmhainní cothrom leis an ráta lascaine.

	2014 €'000	2013 €'000
Toradh iarbhír ar shócmhainní		
Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean	53,694	27,770

22. Pinsin *(ar lean)*

(vii) Stair na gcoigeartuithe ó thaithí

	2014	2013	2012	2011	2010
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Luach reatha dhliteanais na scéime	(602,181)	(522,062)	(506,391)	(457,969)	(394,978)
Luach cóir shócmhainní na scéime	450,746	392,001	360,886	306,532	289,303
Easnamh	(151,435)	(130,061)	(145,505)	(151,437)	(105,675)

Coigeartuithe ó thaithí

	2014	2013	2012	2011	2010
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000

Coigeartuithe ó thaithí ar shócmhainní na scéime:

Méid	36,335	11,092	27,709	(25,529)	11,936
Céatadán de shócmhainní an phlean	8.1%	2.8%	7.7%	8.3%	4.1%

	2014	2013	2012	2011	2010
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000

Coigeartuithe ó thaithí ar dhliteanais na scéime:

Suim	13,698	(18,898)	10,168	(9,582)	(1,239)
Céatadán de dhliteanais an phlean	2.3%	3.6%	2.0%	2.1%	0.3%

(viii) Méideanna eile nach mór a nochtadh

	€'000
Ranníocaíochtaí atáthar ag súil le bheith déanta ag an IAA le linn 2015	20,600

NÓTAÍ *ar lean*

22. Pinsin (*ar lean*)

B. Plean Hibrideach Pinsin Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012

Bunaíodh 'Plean Hibrideach Pinsin Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012' an 1 Eanáir 2012. Maoinítear pinsin do gach fostaí buan, ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón 1 Eanáir 2012 ar aghaidh, trí scéim pinsin sochair shainithe agus dílsítear na sócmhainní carntha d'iontaobhaithe neamhspleácha.

Níl aon ranníocaíochtaí gan íoc ná réamhíochta ag deireadh na bliana.

(i) Méideanna atá aitheanta sa chlár comhardaithe

	2014 €'000	2013 €'000
Luach reatha na n-oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt	(736)	(310)
Luach cóir shócmhainní an phlean	736	310
Barrachas/(easnamh)	-	-

(ii) Gluaiseachtaí i luach cóir shócmhainní an phlean

	2014 €'000	2013 €'000
Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana	310	88
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar shócmhainní an phlean	74	(2)
Ranníocaíochtaí fostóirí	201	128
Ranníocaíochtaí ball	151	96
Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana	736	310

22. Pinsin *(ar lean)*

(iii) Gluaiseachtaí i luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2014	2013
	€'000	€'000
Oibleagáid sochair ag tús na bliana	(310)	(88)
Costas seirbhíse reatha	(201)	(128)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach	(74)	2
Ranníocaíochtaí ball	(151)	(96)
Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana	(736)	(310)

(iv) Comhpháirteanna de chostas pinsin

	2014	2013
	€'000	€'000
Costas atá aitheanta sa chuntas brabúis agus cailleanais		
Costas seirbhíse reatha	(201)	(128)

(v) Sócmhainní an Phlean

Na leithdháiltí sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014:

	2014	2014	2013	2013
	Céatadán de sócmhainní an phlean	Toradh ionchais ar sócmhainní an phlean	Céatadán de sócmhainní an phlean	Toradh ionchais ar sócmhainní an phlean
Cothromas	27.0%	2.3%	30.0%	6.3%
Bannaí	73.0%	2.3%	70.0%	2.2%
Airgead	–	–	–	–
	100.0%	2.3%	100.0%	3.4%

NÓTAÍ *ar lean*

22. Pinsin (*ar lean*)

(vi) Stair na gcoigeartuithe ó thaithí

	2014 €'000	2013 €'000
Luach reatha dhliteanais na scéime	(736)	(310)
Luach cóir shócmhainní na scéime	736	310
Barrachas/(easnamh)	-	-

C. Dliteanais phinsin fhorlíontacha ex-gratia

	2014 €'000	2013 €'000
Ag tús na bliana	548	-
Méideanna arna gcur ar fáil le haghaidh dliteanas pinsin forlíontach ex-gratia	510	563
Íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana	(15)	(15)
Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	1,043	548

Tá foráil d'íocaíochtaí pinsin forlíontacha ex-gratia, suas go dtí 65 bliain d'aois, lasmuigh de scéimeanna pinsean an IAA, chun an bhearna a laghdú d'fhostaithe áirithe atá i dteideal dul ar scor idir 60 bliain d'aois agus 65 bliain d'aois ach nach bhfuil i dteideal an phinsin stáit go dtí go mbaianeann siad aois scoir an stáit amach.

D. Plean Pinsin Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012

Feidhmíonn an IAA scéim pinsin ranníocaíochta sainithe dar teideal 'Plean Pinsin Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012', rud a bunaíodh an 1 Eanáir 2012, do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón dáta sin ar aghaidh. Is ionann an táille phinsin don tréimhse agus ranníocaíochtaí a bhí iníochta ag an IAA leis an scéim agus b'ionann an táille sin agus €29,941 (2013: €13,033).

23. Réiteach gluaiseachta sa chuntas brabúis agus caillteanais

	2014	2013
	€'000	€'000
Cuntas brabúis agus caillteanais ag tús na bliana	57,912	27,088
Díbhinní íoctha (nóta 16)	(4,833)	(5,015)
Brabús don bhliain airgeadais	111,035	16,111
(Caillteanais) agus gnóthachain aitheanta eile	(102,803)	19,728
Cuntas brabúis agus caillteanais ag deireadh na bliana	61,311	57,912

24. Réiteach gluaiseachta i gcistí scairshealbhóirí

	2014	2013
	€'000	€'000
Cistí scairshealbhóirí ag tús na bliana	80,587	49,763
Díbhinní íoctha (nóta 16)	(4,833)	(5,015)
Gnóthachain aitheanta iomlána don bhliain airgeadais	8,232	35,839
Cistí scairshealbhóirí ag deireadh na bliana	83,986	80,587

25. Eachtraí i ndiaidh an chláir chomhardaithe


An 27 Márta 2015, mhol an bord go n-íocfaí díbhinn €6.5 milliún (€0.37 in aghaidh na scaire).

26. Formheas na ráiteas airgeadais


D'fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 27 Márta 2015.

ACHOIMRE CÚIG BLIANA 2010 – 2014


Láimhdeachas €'000




Brabús Oibriúcháin €'000 (roimh mhír eisceachtúil)




Brabús Tar Éis Cánach €'000 (tar éis mír eisceachtúil)




Sócmhainní lomlána €'000




Aonaid Seirbhíse faoi Bhealach ('000)




Ráta Aonad Seirbhíse faoi Bhealach (€)




Aonaid Seirbhíse Críochfoirt




Ráta Aonad Seirbhíse Críochfoirt (€)



Ceadúnais Bhailí




Aerárthaí Cláraithe



■ Ceadúnais Tráchtála
■ Ceadúnais Ghinearálta

■ Aerárthaí Móra
■ Aerárthaí Beaga

Gníomhaíocht Aerthrácta





Údarás Eitlíochta na hÉireann
The Times Building
11-12 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2

TEIL. +353 1 671 8655
FACS +353 1 679 2934
www.iaa.ie